The Department of Justice and Equality and the OCO do not have a shared understanding of the scope of this exclusion. The OCO believes that young people – including those in Direct Provision – should have access to the Ombudsman for Children in the same way as every other child in Ireland, and that the only thing excluded would be the procedures

for defining and determining whether a person is entitled to a particular status, not the provision of services. This is consistent with the position of the Minister for Children at the time the Ombudsman for Children Bill was being debated in the Oireachtas in 2002. The Department of Justice and Equality believes, on the contrary, that the OCO does not have the jurisdiction to examine and investigate complaints made by or on behalf of young people in Direct Provision.

It is for this reason that the Ombudsman for Children has recommended on a number of occasions that the Oireachtas amend the 2002 Act in order to put the matter beyond doubt and ensure there are no impediments to children and families in Direct Provision accessing an independent complaints-handling body.



5

EDUCATION AND PARTICIPATION

Section 7 of Ombudsman for Children Act, 2002 invests the Ombudsman for Children with a set of unique statutory powers that complement the Office's work to investigate complaints and place a positive obligation on the Office to promote and monitor the rights and welfare of children up to 18 years of age. The Office's education and participation programme aims to give effect to a number of statutory functions under Section 7 of the 2002 Act. Among these functions are:

- to encourage policies, procedures and practices that promote children's rights and welfare;
- to promote awareness among members of the public (including children) of matters relating to children's rights and welfare (including the UN Convention on the Rights of the Child) and how those rights can be enforced; and
- to establish structures to consult with children and highlight issues relating to children's rights and welfare that are of concern to children themselves.

Rights Education Workshops

During 2014, education workshops on children's rights were delivered on a weekly basis to groups of children and young people visiting the Office. A mainstay of the OCO's rights education programme, these workshops continue to provide a valuable opportunity for the Office to engage directly, and on an ongoing basis, with children and young people of different ages, living in different parts of the country and in diverse circumstances.

The workshops are designed to support a dialogue between the OCO and children. While the nature and emphasis of this dialogue changes, it is always focused on fulfilling two main aims: to develop children's awareness and understanding of children's rights and to hear children's views on matters relating to children's rights that are of interest and concern to them.

In 2014, over 1,100 children and young people from schools and youth services in 16 counties visited the OCO to explore how children's rights surface in the context of their daily lives and to consider the responsibilities that different people have for respecting, protecting and fulfilling children's rights.

Children and Young People's Views on Education

20th November 2014 marked the 25th anniversary of the adoption by the UN General Assembly of the UN Convention on the Rights of the Child (UNCRC). Article 29 of this Convention is focused on defining core aims for children's education. Among these aims are *"the development of the child's personality, talents and mental and physical abilities to their fullest potential"* and *"the development of respect for human rights and fundamental freedoms"*.

In 2014, workshops delivered by the OCO for visiting groups of children and young people also provided an opportunity to facilitate children and young people to consider and express their views on what they feel key aims of education for children living in Ireland should be. Over 700 children and young people from 30 primary and post-primary schools around the country shared their ideas, with many taking the opportunity not only to speak about what education should enable children to achieve, but also to comment on different features of education such as matters relating to the whole school environment, curriculum and assessment.

Several themes emerged from the viewpoints shared by children and young people. Based on their own experiences, they suggested that more priority might be afforded within formal education to a number of areas, namely:

- the development of life skills (financial literacy, independent living skills, preparing for the world of work);
- health and well-being (nutrition, physical education, mental health);
- personal and social development (self-esteem and self-confidence, building positive, respectful relationships with others);
- the development of communications skills;
- the development of ICT skills and digital literacy; and
- fostering creativity, including through arts education.

In addition, several children and young people spoke about the importance of taking an inclusive, equitable approach to recognising and nurturing children and young people's different interests and talents, including by affording children choices around what they learn. In this regard, the matter of subject choices being gendered arose – for example, a group of sixth class boys from an all-boys primary school felt that, in terms of developing independent living skills, it is as important for boys as it is for girls to have the opportunity to do home economics.

The value of employing diverse teaching and learning methodologies and of adopting different approaches to formal assessment was also proposed, in particular by young people in post-primary education. In raising these matters, young people spoke about the need to recognise and support young people's different learning styles as well as about the merits of employing methods of assessment, which discourage rote learning, focus on the quality of young people's learning, and facilitate young people to demonstrate their learning to the best of their ability.

A sample of the opinions and ideas shared by children and young people are highlighted overleaf.

"Discovery ... You should get to find out more things about yourself through education ... Like discover your own talents and skills rather than it being forced upon you that you have to do this, this and this to get on ... It's just very stressful ... You don't really get to find out much about yourself through education."

Young person from Co Louth

"I think we should be more focused on IT and I think we should learn how to create computer software and computer programming."

Young person from Co Mayo

"Classes like home economics, you should have to do them. It's life skills."

Young person from Donegal

"I think in school people should be more broad-minded ... They should have more awareness of other people's cultures."

Children from Co Westmeath

"The one big thing I think we need from our education is positive mental health."

Young person from Dublin

"PE should be about learning parts of the body and how parts of the body work and what food you need to stay healthy and fit."

Young person from Co Limerick

"Change how you're learning. Most of the time ... you just have to learn it off. You don't even have to know what it's really about or what you need it for. Just learn the formula or learn the text off."

Young person from, Co Dublin

"I think music should be taken more seriously and that they should do more about performance ... I think doing more plays and dramas would make students more confident. They'd be able to be better in front of people and they won't be so nervous."

Young person from Co Mayo

"Education should teach us more about real-life situations, for example helping or caring for a relative if they are sick or in need."

Young person from Co Kilkenny

"Some people find it easier to express themselves through music and art rather than through maths and English."

Young person from Co Wexford

“Maybe another aspect that schools should work on is behaviour in classes and around the school grounds because bullying is a massive problem nowadays in schools ... So maybe teach kids ... how to treat people as they would like to be treated themselves.”

Young person from Co Leitrim

“Education should help young people to learn how to cope with any situation that may happen during their adult lives.”

Young person from Co Longford

“I think we should do more PE and sport in school ... I think you should get points in your Leaving Cert if you’re fitter.”

Child from Co Wexford

“Memories are very important from a child’s education ... My favourite memory is playing football in the class because I have friends that play with me.”

Child from Co Dublin

“I like technology ... and I would like that to be a school subject.”

Child from Co Wexford

“Education is about socialising, being confident, meeting new people, learning how to get along together.”

Young person from Co Dublin

“Without education people wouldn’t be able to express their thoughts to other people and that can cause conflict between people. So I think education makes people less violent.”

Child from Co Galway

“We do gymnastics and a part of gymnastics is trusting your partners ... If you don’t trust somebody you won’t improve on things.”

Children from Co Wexford

“More group work ... to build up our confidence to talk to new people or to speak out.”

Young person from Co Donegal

“Everybody learns differently and maybe people should be assessed by how they learn best. Some might learn by watching ... some might learn by writing and some might learn by actually doing ... If people were assessed by how they learn best and they were taught that way, it would probably help.”

Young person from Co Mayo

“Every child should leave school with self-confidence ... I think they would get that if school focused a bit less on academic work and more on personal growth.”

Young person from Co Monaghan

“You should have less subjects and focus more on what you really want in your future.”

Young person from Co Dublin

“You gain a lot of communication skills that you use throughout life from sport and team sports. And you need a lot of communication skills to get life success.”

Young person from Co Wexford

“Education isn’t just about reading and writing. It’s about learning about being part of team.”

Child from Co Galway

“We think that every child in education should take away life skills... Like learning how to take money out of a bank, loans, bills ... Or writing a letter to somebody ... And cooking ... even how to follow a recipe.”

Children from Co Wexford

“I think every child should feel accomplished coming out of school. That they would have achieved what they wanted to and feel proud.”

Young person from Co Longford

“People in school should be taught more about what’s going on in the world ... I don’t think there’s enough emphasis on current affairs in school ... I’d like to know more about what’s going on in the world and how countries stand at the moment.”

Young person from Co Galway

It's Your Right

Cognisant that there are necessarily limits to how many children and young people the Office can engage with through its rights education workshop, the OCO has supplemented this programme through the development of educational resource materials, which aim to facilitate engagement with issues relating to children's rights and children's lives in Ireland in the context of curriculum teaching and learning as well as through the non-formal education sector. Developed in English and Irish and comprising activities targeted at different age groups, resource materials such as *What do you say?* (2010) and *Small Places* (2012) have been disseminated through the country and made available for downloading on the OCO's website.

In the context of its tenth anniversary in 2014, the Office initiated a new project to raise awareness of children's rights among children and young people in Ireland. Comprising a dedicated site and free iPad app, *It's Your Right* takes a transmedia approach to building awareness of children's rights in a range of formats and across interconnected platforms, including, Vimeo and Audioboom. Providing core information in English and Irish and incorporating elements of a peer-learning approach among children and young people, the first phase of *It's Your Right* focuses on building awareness of children's rights under the UN Convention on the Rights of the Child and on highlighting the perspectives of children and young people living in different parts of the country as regards what different rights under this Convention mean to them.

The *It's Your Right* website can be viewed at www.itsyourright.ie. The accompanying iPad app, which won a silver award at the Appy Awards 2014, can be downloaded for free from the iTunes app store.

The Office would like to express its appreciation to the schools, youth services and other organisations, which facilitated the development of visual, audio and video content for the site with children and young people. The Office is also very grateful to the children and young people who have participated in the *It's Your Right* project to date.

The OCO is planning to implement the next phase of the project during 2015, which will focus on developing the *It's Your Right* platform as an online hub for child and youth-friendly information on children's rights in Ireland.

Seminars for Postgraduate Students

In line with its statutory obligations under Section 7 of the 2002 Act, the Office designed and delivered a series of rights education seminars for postgraduate students in 2012 and 2013. In view of participants' interest in and positive evaluations of these seminars, the Office expanded the programme again in 2014.

Having regard to the issues that the Office has occasion to engage with through its different statutory functions, the seminars delivered during 2014 were targeted at students pursuing postgraduate qualifications in social work, social care, education, and child protection and welfare. Almost 200 students from six third level institutions (NUI Galway, University College Cork, University College Dublin, Trinity College Dublin, Athlone IT, and St. Patrick's College) participated in the seminar programme.

Delivered by OCO staff in November and December 2014, the seminars focused on raising awareness of the Office's statutory mandate, functions and corresponding areas of work; developing participants' understanding of fundamental children's rights principles and their application in the context of their own professional practice; and encouraging child-centred practice and decision-making, including through a facilitated examination of case studies arising from the Office's investigative work.

As with 2012 and 2013 programmes, the seminars delivered in 2014 were positively evaluated by participants and the Office plans to implement a similar programme during 2015.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ 2014



CLÁR NA nÁBHAR

1	Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí	5
2	Forbairt Eagraíochtúil	9
3	Gearáin agus Imscrúduithe	13
4	Beartas agus Reachtaíocht	39
5	Oideachas agus Rannpháirtíocht	43

1

TEACHTAIREACHT ÓN OMBUDSMAN DO LEANAÍ



Is cúis áthais dom é mo thuarascáil bhliantúil don tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014 a chur faoi bhráid an Oireachtais de bhun Alt 13(7) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

Ba mhaith liom tús a chur leis an tuarascáil seo agus cúpla focal a rá faoi mo réamhtheachtaí, Emily Logan, a chuir an Oifig seo ar bun sa bhliain 2004, tar éis a ceapacháin i mí na Nollag 2003 ar an gcéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn. Le bunú na hoifige tugadh ar an bhfód fórsa láidir chun cearta agus leas leanaí in Éirinn a chothú agus monatóireacht a dhéanamh ar na cearta sin. Trí fhorálacha

an Achta um Ombudsman do Leanaí 2002 a chur i bhfeidhm go sáraithe, throid sí ar son cearta leanaí in Éirinn le comhbhá, nuálaíocht, sárghuineamh agus dúthracht, go háirithe ar son leanaí a mbíonn constaicí móra ag seasamh i gcoinne réadú na gcearta sin. Ba mhór an onóir dom é a bheith ag obair léi ar feadh dhá bhliain go leith agus chonaic mé féin le linn an ama sin an dianobair agus an dianseasmhacht aici agus í i mbun cearta leanaí a chur chun cinn. Bhí sí ag tús cadhnaíochta sa chinnteoireacht sna réimsí sin, lena n-áirítear réimsí an riaracháin shibhialta agus phoiblí. Agus Tuarascáil Bhliantúil 2014 á cur i láthair agam, ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Emily ina gairm nua agus a chur in iúl gur mór an onóir dom é a bheith tofa ar an gcéad Ombudsman do Leanaí eile chun leanúint den obair a thosaigh síse.

In 2014 bhí Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ar an bhfód 10 mbliana agus mar cheiliúradh air sin reáchtáil an Oifig comhdháil, mar a ndearnadh iniúchadh ar chaidreamh an Stáit le leanaí agus teaghlaigh agus éilíodh le linn na comhdhála go mbeadh struchtúir ann chun cuntasacht a chinntiú i measc na n-institiúidí atá faoi scáth an Ombudsman. Ag an gcomhdháil sin, thrácht Emily Logan air seo *“as the environment in which children grow up continues to change, posing new challenges and raising new opportunities for them, I am constantly reminded of the importance of having an independent Office that will be available to promote their rights, investigate complaints and provide redress”*.

Ar cheann de na láidreachtaí is tábhachtaí ag Oifig an Ombudsman do Leanaí in Éirinn tá an cumas bheith in ann feidhmiú go neamhspleách le leanaí agus ar a son. Tá cúpla gné ag baint le neamhspleáchas, ámh, agus ceann de na gnéithe is tábhachtaí ná dóthain acmhainní a bheith ar fáil chun na feidhmeanna reachtúla, atá bronnta ag an Oireachtas ar an Oifig, a chomhlíonadh. Faoi láthair, faigheann OCO a mhaoiniú tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Go praiticiúil, ní raibh fadhbanna ag baint leis an smacht a bhí ag an Roinn ar bhuiséad OCO. Cibé scéal é, níl sé oiriúnach go mbeadh institiúid neamhspleách um chearta daonna ag fáil a cuid maoiniúcháin trí chomhlacht poiblí ar féidir leis an institiúid sin imscrúdú a dhéanamh air. Mar a luadh sa tuarascáil seo, bhain 25% de na gearáin go léir a fuarthas in 2014 le seirbhísí faoi scáth na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá mé den tuairim gur chóir an scéal sin a leigheas agus go bhfaigheadh OCO a mhaoiniú go díreach ón Oireachtas. Bhí sé sin ina mholadh le fada an lá a rinne Coiste NA um Chearta an Linbh.

Is léir ón obair a bhfuil cur síos uirthi sa tuarascáil seo go mbíonn an Oifig ag plé le saincheistanna ilchineálacha, a thagann chun solais don Oifig trí chur i bhfeidhm a feidhmeanna reachtúla. In 2014, i réimse an pholasaí agus na reachtaíochta, chuir an Oifig comhairle ar fáil don Aire Dlí is Cirt agus Comhionannais maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2014 agus chuir an Oifig barúlacha ar fáil don Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe maidir lena Dhréacht-Treoirínite i ndáil le hlarratais ar Stádas Dídeanaí ó dhaoine ar Leanaí iad. Maidir leis an dara foilseachán sin, chuir an Oifig raon tuairimí ar fáil ar shaincheistanna éagsúla, lena n-áirítear oiliúint foirne, soláthar faisnéise iomchuí do dhaoine óga laistigh den chóras agus na prionsabail uileghabhálacha is cóir a bheith ina mbonn is taca leis na treoirínite. Maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh Bill 2014 bhain ceann de na saincheistanna ar chuir an Oifig tuairim ar fáil maidir léi leis an tábhacht atá le soiléiriú a dhéanamh, a mhéid is indéanta, ar an gcaoi a dtéann socruithe máthairionadaíochta a dhéanann daoine thar lear (bíodh sin ar bhonn tráchtála nó neamhthráchtála) i bhfeidhm ar stádas dlíthiúil na leanaí a saolaítear mar thoradh orthu. D'fháiltigh an Oifig freisin roimh fhorálacha atá sa Scéim Ghinearálta i ndáil le páirtneireacht shibhialta agus uchtáil, a chuireann ina cheart bearna shuntasach a bhí ann sa reachtaíocht ábhartha i ndáil le leanaí agus tharraing an Oifig aird ar an mbearna sin roinnt blianta ó shin.

Bíonn an Oifig páirteach, ar bhonn leanúnach, i sásraí idirnáisiúnta monatóireachta. Maidir leis sin, rinne an Oifig óstáil in 2014 ar chuairt ó Choiste Eorpach um Chosc ar Chéasadh nó Táiríde nó Pionós (CPT). Inár gcruinniú le CPT, chuireamar in iúl ár gcúiseanna imní faoi roinnt ceistanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga faoi choinneáil, lena n-áirítear deacrachtaí rochtain a fháil ar sheirbhísí teiripeacha do dhaoine óga i mBaile an Oibricigh ag an uair, agus saincheistanna a bhaineann le leanaí faoi chúram speisialta.

Le linn 2014, lean an Oifig ag reáchtáil roinnt ceardlann oideachais faoi chearta, do leanaí agus daoine óga a thugann cuairt ar OCO ó gach cearn den tír. Ghlac breis is 1,000 leanbh agus duine óg páirt sna ceardlanna in 2014, mar ab amhlaidh i mblianta roimhe sin. Is deis mhaith na ceardlanna don Oifig éisteacht le cúiseanna imní leanaí agus daoine óga ar fud na hÉireann. In 2014, dhíríomar go sonrach ar chuidiú le leanaí a dtuairimí féin a chur in iúl faoi

oideachas agus roghnaíomar roinnt dá dtuairimí le cur síos orthu sa tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, lean an Oifig ag déanamh teagmhála le gairmithe i réimsí na hoibre sóisialta, an chúraim shóisialta, an oideachais agus an chúraim sláinte trínár gclár de sheimineáir iarchéime. Ghlac breis is 200 duine páirt sa chlár seo le linn 2014, agus ar an gcaoi sin fuair siad an deis a gcuid eolais ar obair na hOifige a fhorbairt agus breathnú ar an ngaol idir cearta leanaí agus a gcleachtas gairmiúil féin.

I réimse na ngearán agus na n-imscrúduithe, oibríonn an Oifig seo go dian chun freagairt go héifeachtach do gach gearán a fhaighimid. Ón eolas a fhaighimid trí mheán na ngearán sin agus trí imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin chéanna, faighimid léargas ar na heispéiris a bhíonn ag leanaí agus a dteaghlaigh agus iad ag plé leis na seirbhísí poiblí. Cuidíonn sé sin leis an Oifig ní hé amháin feabhas a chur ar chúrsaí do leanaí indibhidiúla, ach athrú córasach a dhéanamh a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn comhlachtaí poiblí le leanaí agus teaghlaigh.

Ón taithí ag an Oifig go dtí seo bíonn comhlachtaí poiblí sásta glacadh lena bhfuil foghlamtha ó na gearáin a cuireadh faoi bhráid OCO agus bíonn siad ag cur feabhais ar a seirbhísí mar thoradh ar mholtaí na hOifige. Ar na ról thábhachtacha ag an Ombudsman tá an teagmháil agus an caidreamh leis na comhlachtaí poiblí sin atá faoina scáth a chothú. Is cur chuige ríthábhachtach é seo má táthar chun leigheas a fháil ar na nithe a ndéantar gearán fúthu agus an réiteach is fearr agus is féidir a fháil. Trí dhéileáil le 1,600 gearán le linn 2014, lean an Oifig ag tógáil caidrimh láidre, dhearfacha, mhaithe leis na comhlachtaí poiblí a mbímid i dteagmháil leo agus ar an gcaoi sin fiú amháin má tharlaíonn easaontas láidir idir an Oifig agus an comhlacht poiblí, beidh gach páirtí ar an eolas gur chóir an fócas a choinneáil i gcónaí ar an leanbh atá lánach sa ghearán féin.

Ar an drochuair, níor tharla an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis in 2014 maidir le deireadh a chur le coinneáil daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois i bhForas Naomh Pádraig. É sin ráite, tharla forbairtí dearfacha ó thaobh athfhorbairt Scoileanna Coinneála Bhaile an Oibricigh ina Shaoráid Choinneála Náisiúnta do Leanaí (NCDF) ionas gur féidir cóiríocht a chur ar fáil go luath do gach leanbh atá ar athchur nó a bhfuil pianbhreith gearrtha air/uirthi. Le linn 2014, bhí mé ag obair go rialta le lucht bainistíochta Sheirbhís Príosún na hÉireann agus le Baile an Oibricigh chun a fháil amach cén stádas reatha atá ag daoine óga faoi chúram ag an dá chomhlacht poiblí sin. I gcomhthráth leis sin bhí comhghleacaithe liom in OCO ag cuidiú sa phróiseas ionductaithe d'fhoireann nua-earcaithe i mBaile an Oibricigh agus, mar thoradh air sin, tá an fhoireann sin in iúl anois ar ról na hOifige seo ó thaobh na ngearán a dhéanann na leanaí atá faoi choinneáil ansin, nó ó thaobh na ngearán a dhéantar ar a son. Tá súil á choinneáil ag an Oifig ar an dul chun cinn i réimse daoine óga faoi choinneáil agus leanfaidh an Oifig ag plé na ceiste, de réir mar is gá agus mar is iomchuí, chun samhail de cheartas don óige a fhorbairt atá ag teacht go hiomlán leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus leis an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta.


Bhí a lán eagraíochtaí, an Oifig seo san áireamh, ag cur cúiseanna imní in iúl le fada an lá faoin gcóras Soláthair Dhírigh. Tá moladh ag dul don Aire Dlí is Cirt agus Comhionannais

agus don Aire Stáit le freagracht speisialta as Pobail Nua, Cultúr agus Comhionannas, as Meitheal a bhunú i mí Dheireadh Fómhair 2014 faoi chathaoirleacht an Iar-Bhreithimh Ard-Chúirte Bryan McMahon chun bearta a ainmniú a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar na socruithe reatha do phróiseáil iarratas ar chosaint, agus ar an gcaoi sin meas a léiriú ar dhínit na ndaoine sa chóras agus feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil acu trí fheabhas a chur ar na tacaí agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh faoi láthair.

Chuir an Oifig seo in iúl, le fada an lá, gur chóir go mbeadh fáil ar Oifig an Ombudsman do Leanaí ag gach leanbh, lena n-áirítear leanaí atá ina n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa chóras Soláthair Dhíriú. Maidir leis sin, ba chúis mhór áthais don Oifig é toradh ar chás Ard-Chúirte i mí na Samhna 2014 a tharla i gcomhráth le bunú na Meithele seo. Chinn an Breitheamh Mac Eochaidh go raibh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i dteideal go mbeadh gnáthamh láimhseála neamhspleách ann agus nach bhfuil sé inghlactha go mbeadh an Ghníomhaireacht Fáiltithe agus Imeachta (RIA), atá ina údar ar Rialacha Tí agus a bhfuil caidreamh tráchtála aige leis an soláthróir cóiríochta, ina eadránaí i ndíospóidí idir áitritheoirí agus soláthróirí tráchtála cóiríochta. Luaigh sé go sáraíonn sé sin an prionsabal dlí nár chóir do dhuine a bheith ina bhreitheamh i gcúrsaí a bhféadfadh leas a bheith ag an té sin iontu. Tá súil agam go dtarlóidh sé in 2015 go dtabharfar an rochtain chéanna do leanaí sa chóras Soláthair Dhíriú ar Oifig an Ombudsman do Leanaí is atá ag leanaí eile in Éirinn. D'fháilteoisim go mór roimh an bhforbairt seo. Beifear in ann, dá réir, teacht ar réiteach neamhspleách, neamhchlaonta, éifeachtach ar aon saincheisteanna míriaracháin a thiocfadh chun cinn i ndáil le leanaí sa chóras agus daingneoidh sé an córas féin.

Le linn 2014, chaill an Oifig seo, a bhfuil foireann bheag, ach an-díograiseach agus an-éifeachtach aici, ní hé amháin an chéad Ombudsman do Leanaí, ach cúpla ball foirne eile a bhí ann le fada. Agus muid ag feitheamh leis na folúntais sin a líonadh, tréimhse dhúshlánach atá ann don chuid eile den fhoireann atá fágtha. Cibé scéal é, molaim go hard mo chomhghleacaithe san OCO a lean ag soláthar seirbhíse den chéad scoth d'ainneoin na mbrúna a bhain le líon mór gearán a fháil agus athdháileadh na hoibre ba ghá a dhéanamh sa mhéid nach raibh na folúntais phoist sin líonta.

Tá rochtain ar mheicníocht neamhspleách sásaimh, ina bunchuid de dhaonlathas atá ag feidhmiú mar is cóir agus leanfaidh an Oifig seo ag soláthar meicníochta dá leithéid do leanaí, tuismitheoirí agus daoine fásta eile a bhíonn ag feidhmiú ar son leanaí trínár bhfeidhm gearán. Trí úsáid iomlán a bhaint as raon cumhachtaí na hOifige seo leanfaidh mé ag stocaireacht ar son seirbhísí poiblí níos fearr atá níos dírithe ar leanaí – seirbhísí a aithníonn leas leanaí go hiomlán mar chuid d'aon phróiseas cinnteoireachta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar leanaí.



An Dr Niall Muldoon

An tOmbudsman do Leanaí

2

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Seirbhísí Corparáideacha

Rialú Airgeadais

In 2014 leithdháileadh €1.888m ar Oifig an Ombudsman do Leanaí.

De réir mar atá sonraithe in Ailt 17(1) agus (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus rialtacht idirbhearta na hOifige a chinntiú. Áirítear i measc na bhfeidhmeanna is bonn agus taca leis na freagrachtaí sin údarú agus monatóireacht a dhéanamh ar íocaíochtaí le haghaidh earraí agus seirbhísí, ar phróisis tairisceana, ar fheidhmiú an phárolla, agus ar thiomsú na dtuairisceán míosúil.

Bíonn na Ráitis Airgeadais faoi réir iniúchóireachta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinneadh iniúchóireacht ar chuntais 2013 i mí Iúil 2014. De ghnáth ní bhíonn Ráitis Airgeadais do bhliain áirithe iniúchta tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil chuí á foilsiú. Chomh luath agus a dhéanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faomhadh ar na ráitis airgeadais, déantar iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin OCO agus tá cuntais bhliantúla uile OCO go dtí an bhliain 2013 le fáil ag www.oco.ie.

Chuir Crowleys DFK Chartered Accountants seirbhísí cuntasáiochta ar fáil don Oifig le linn 2014.

Acmhainní Daonna

Tá 15 bhall foirne ceadaithe don Oifig. Dúshlán leanúnach é úsáid a bhaint as an acmhainn luachmhar sin chun freastal ar éilimh a thagann chun solais bliain i ndiaidh bliana, ó thaobh líon agus chastacht na ngearán de. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar ról agus ar fheidhmeanna gach baill foirne san Oifig.

Tharla roinnt mhaith athruithe suntasacha foirne in 2014, an príomhathrú ná gur fhág Emily Logan mar Ombudsman do Leanaí chun dul i mbun poist mar Phríomh-Choimisinéir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Bhain dúshlán ar leith don Oifig seo leis an bpróiseas fadálach chun cead a fháil ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe foireann nua a cheapadh in áit na mball foirne a d'fhág le dul sa tóir ar dheiseanna nua.

Millennium House – úsáid an áitribh

Chomh maith leis na ceardlanna oideachais faoi chearta daonna a réachtáil do ghrúpaí leanaí a tháinig ar cuairt chuig an Oifig, lean an Oifig freisin le clár dá leithéid do mhic léinn iarchéime.

Tá an Oifig sásta leanúint ag cur na n-áiseanna in Millennium House ar fáil mar ionad d'imeachtaí atá dírithe ar chearta agus leas leanaí agus daoine óga. I measc na ngrúpaí a raibh seisiúin chomhairliúcháin acu le daoine óga in Millennium House in 2014 bhí Comhairle Chomhairleach na nÓg, ionadaithe ó thrí ospidéal leanaí, BeLoNG To, EPIC, Northside Partnership, Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, Headstrong agus an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2014

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, dar teideal 'Rialachán CE (Éifeachtacht Fuinnimh na Críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (I.R. 542 de 2009)'. De réir na Rialachán seo tá sé de cheangal ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú go bliantúil ó Eanáir 2011 ar a n-úsáid fuinnimh agus ar na bearta a glacadh chun tomhaltas fuinnimh a laghdú.

In 2014, bhain Oifig an Ombudsman do Leanaí úsáid as 68.161 MWh d'fhuinneamh i gcomparáid le 86.822 MWh in 2013, sin laghdú de 21.5%. D'ainneoin gur ardaigh an meánphraghas foriomlán in aghaidh an aonaid faoi 15.2% in 2014 i gcomparáid le 2013 d'éirigh leis an Oifig coigilteas de 9.6% a dhéanamh sna costais fhoriomlána.

Rinne Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú cuimsitheach ar thomhaltas fuinnimh le linn na bliana i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Déantar monatóireacht ar úsáid fuinnimh ar bhonn leanúnach. Tá córas athchúrsála inmheánach i bhfeidhm ag OCO i gcónaí.

Na Meáin

Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, léirigh na meáin spéis mhór i gclúdach a dhéanamh ar obair na hOifige, lena n-áirítear comhairle an Ombudsman do Leanaí maidir Scéim an Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh agus foilseachán de chuid an Ombudsman do Leanaí *Investigation into a decision by the HSE (now Tusla, the Child and Family Agency) to cease a Section 10 payment to a family*.

Léiríodh spéis ar leith freisin i gcomóradh 10 mbliana na hOifige. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcloch mhíle sin réachtáil an Oifig roinnt tionscnamh. Ar an gcéad dul síos, réachtáil an tOmbudsman do Leanaí comhdháil chun mionscrúdú a dhéanamh ar an ngaol atá ag an Stát le leanaí agus teaghlaigh, mar a rabhtas ag éileamh struchtúir nua chuntasachta chun neamhspleáchas institiúidí an Ombudsman a chinntiú. Faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Cúirte Uachtaraí, Catherine McGuinness, réachtáladh comhdháil ag a raibh aoichainteoirí mór le rá, lena n-áirítear Cathaoirleach an Choiste NA

um Chearta an Linbh, an tOllamh Kirsten Sandberg; Fergus Finlay, Príomhfheidhmeannach Barnardos; Kevin Bakhurst, Ard-Stiúrthóir Cúnta RTÉ; agus an tOllamh Ursula Kilkelly, Ceann Choláiste Gnó & Dlí in UCC. Reáchtáladh an chomhdháil in Farmleigh agus d'fhreastail céad toscaire air ó ghníomhaireachtaí san earnáil phoiblí agus ón tsochaí shibhialta a bhíonn ag obair le leanaí. Bhí an t-aiseolas ó na rannpháirtithe dearfach agus luaigh siad gur ócáid thar a bheith iomchuí a bhí ann chun comóradh deich mbliana a dhéanamh ar Oifig an Ombudsman do Leanaí. Spreag an ócáid freisin an méid sin spéise go raibh an haischlib (#ococonf10) ag treochtú ar feadh an lae.

Ócáid eile chun an chloch mhíle deich mbliana a chomóradh ná seoladh an tsuímh ghréasáin agus na haipse *It's Your Right* chun feasacht a spreagadh i measc leanaí agus daoine óga maidir lena gcearta faoi Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (féach na rannóga Oideachas agus Rannpháirtíocht den tuarascáil seo chun tuilleadh eolais a fháil faoi sin). Áirítear ar an aip agus an suíomh gréasáin gearrthóga físeáin de leanaí agus daoine óga ag labhairt faoina dtuairimí maidir le cearta éagsúla atá sonraithe faoin UNCRC agus faoina gciallaíonn na cearta sin dóibhsean.

An tionscnamh eile don chomóradh 10 mbliana ar an OCO ná gur foilsíodh forlónadh san Irish Times ina raibh breac-chur síos ar an tionchar a d'imir an Oifig le deich mbliana anuas. Áiríodh san fhorlónadh sin píosaí a scríobh Thomas Hammarberg, iar-Choimisinéir Eorpach um Chearta Daonna; Geoffrey Shannon, Ráipóirtéir Speisialta um Chosaint Leanaí; Alan Shatter TD, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta ag an uair; Frances Fitzgerald TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an uair; agus Mary O'Rourke, iar-Theachta Dála agus Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Athchóiriú an Bhunreachta maidir le Leanaí.

Gnóthaí Poiblí

Tuairiscíonn an tOmbudsman do Leanaí go díreach don Oireachtas agus tá sainchúram reachtúil air/uirthi comhairle a sholáthar don Rialtas agus d'Airí Rialtais maidir le dlíthe agus beartais a théann i bhfeidhm ar leanaí. Lean an caidreamh táirgiúil idir an tOmbudsman agus Airí, Coistí Oireachtais agus urlabhraithe tábhachtacha. Tháinig an Oifig os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí i mí an Mheithimh chun Tuarascáil OCO a phlé maidir le meitea-anailís ar bhunchúiseanna athfhillteacha i ndáil le soláthar seirbhísí do leanaí faoi chúram; an t-iniúchadh ar sholáthar seirbhíse oibre sóisialta FSS sa Laoi Thuaidh; agus iniúchadh ar chur i bhfeidhm *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

Suíomh gréasáin agus meáin shóisialta

Tá suíomh gréasáin na hOifige, www.oco.ie, ina uirlis ríthábhachtach chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi obair na hOifige. In 2014 thug 26,000 úsáideoir cuairt ar an suíomh agus bhí 66% ag féachaint ar an suíomh don chéad uair. Tráth a rabhamar faoi bhrú ó thaobh acmhainní daonna de, bhí an suíomh ina uirlis luachmhar cuidiú le daoine gearáin a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar conas agus cathain is féidir leis an Oifig cuidiú

leo. Chomh maith leis sin, baineann an Oifig úsáid as a cuntas Twitter@oco_ireland chun plé a bheith ann lena páirtithe leasmhara agus chun an obair is deanaí a rinne OCO a roinnt leo.

An chuid is mó éileamh ar an suíomh ná Oideachas agus Cearta Daonna ina gcuirtear síos ar cheardlanna um chearta daonna na hOifige le daoine óga. Chomh maith leis sin, tá gearrthóga físeáin air a rinne leanaí agus daoine óga le linn na gceardlann sin. D'fhonn acmhainn inláimhsithe a sholáthar do mhúinteoirí agus do cheannairí a oibríonn leis an aos óg, chuir an Oifig an t-ábhar oideachais go léir ar fáil i bhformáid in-íoslódáilte, saor in aisce, ón suíomh.

Tá rannóg na nGearáin ar an suíomh tábhachtach freisin agus bhí sé gnóthach in 2014. Déanann an Oifig a dícheall a sainchúram a chomhlíonadh trína chinntiú go bhfuil faisnéis faoinár bhfeidhm gearáin ar fáil i meáin éagsúla agus go bhfuil an t-ábhar sin soiléir agus inúsáidte. Déantar é seo trí nuashonrúcháin a chur ar fáil faoi shaincheisteanna reatha, chomh maith le físeáin faisnéise, Ceisteanna Coitianta, ábhar faisnéise, agus foirm ghearáin ar líne.

Sa Rannóg Comhairle don Rialtas & Aighneachtaí/Tuarascálacha Oireachtais de shuíomh OCO tagraítear don chomhairle a chuir an Oifig ar fáil don Rialtas agus/nó don Oireachas ar shaincheisteanna bainteach le cearta agus leas leanaí. Forálann an tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 le gur féidir leis an Ombudsman do Leanaí, as a stuaim féin nó ar iarratas ón Aire, comhairle a sholáthar d'Airí Rialtais ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht áirithe ar leanaí.

Tá gach ceann de ghearrthóga físeáin OCO le fáil anois ar an gcainéal YouTube, OCOIreland, agus soláthraíonn siadsan eolas maidir le hobair na hOifige. Áirítear iontu freisin cás-staidéir, ár dtionscadail speisialta gearrthóg a rinne daoine óga iad féin agus iad ag plé a gceart.



3

GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE

Tá an fheidhm gearán agus imscrúduithe ag croílár fheidhm na hOifige. Faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, féadfaidh an Oifig imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh ag leanaí agus daoine óga, nó ag daoine fásta thar ceann na ndaoine óga sin, faoi eagraíochtaí poiblí, scoileanna poiblí nó ospidéal phoiblí. Seirbhís saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta is ea an tseirbhís seo.

Forálann Acht 2002 d'fheidhmiú na feidhme gearán ag an Ombudsman do Leanaí. Leagtar amach sna forálacha reachtúla seo forais chaighdeánacha míriaracháin d'athbheithniú ar ghearáin agus an chaoi a réachtáiltear na himscrúduithe. Sa mhéid go gcaithfidh an tionchar a bheadh ag gníomh ar leanbh a bheith mar ábhar an ghearáin a ndéanann an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú air agus gur féidir leis na leanaí féin an gearán a chur faoi bhráid na hOifige, leagtar amach san Acht na forálacha sonraithe reachtacha a chuireann san áireamh leochaileacht leanaí.

1. An Dualgas aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh

Foráiltear san Acht, agus an tOmbudsman do Leanaí ag feidhmiú a f(h)eidhme maidir le gearáin gur chóir aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh.

2. An dualgas measúnú cuí a dhéanamh ar mhianta an linbh féin

Chomh maith leis sin, foráiltear san Acht, agus an tOmbudsman do Leanaí ag feidhmiú a f(h)eidhme maidir le gearáin, go ndéanfaidh sé nó sí, a mhéid is indéanta é, breithniú iomchuí ar aois agus ar thuiscint an linbh, agus cothromaíocht a bhaint amach idir sin agus mianta an linbh.

Go háirithe, sa phróiseas imscrúduithe agus iniúchóireachta breithnítear an tionchar neamhfhabhrach a bheadh ag gníomh ar leanbh, chomh maith le cibé acu an raibh nó nach raibh aon cheann díobh seo fíor:

- rinneadh an gníomh gan údarás cuí;
- rinneadh an gníomh ar fhorais neamhábhartha;
- rinneadh an gníomh mar thoradh ar fhaillí nó míchúram;
- bunaíodh an gníomh ar fhaisnéis mhícheart nó neamhiomlán;
- bhí an gníomh idirdhealaitheach go mícheart;
- bhí an gníomh bunaithe ar chleachtas neamh-inmhianaithe riaracháin; nó
- rinneadh an gníomh ar bhealach eile a bhí contrártha le riarachán cóir agus iontaoifa.

Bíonn an fhaisnéis a fhaightear trí ghearáin a fháil, a scrúdú agus a imscrúdú ina bhonn luachmhar eolais a bhfaigheann an Oifig léargais thábhachtacha uaidh maidir le heispéiris leanaí agus teaghlaigh agus iad ag déileáil le seirbhísí poiblí. Faightear aiseolas luachmhar ón scrúdú a dhéantar ar ghearáin, agus an chaoi a ndéileáiltear leo, agus is mar a bheadh iniúchóireacht é do na soláthraithe seirbhíse poiblí féin.

Déanann an t-eolas sin bailíochtú ar ghníomhartha arna ndéanamh nó tacaíonn siad le rún tabhairt faoin athrú. Chomh maith leis sin, tugann sé sofheictheacht d’eispéiris na leanaí, laistigh de na seirbhísí poiblí, agus tugann sé an deis dóibh a gcúiseanna imní a chur in iúl i gcás go dtarlaíonn siad, nó go bhfuil an baol ann go dtarlóidh, mar thoradh ar ghníomhartha na bhforas seirbhíse poiblí.


Staitisticí

Gearáin a ndearnadh déileáil leo in 2014


Tháinig laghdú beag in 2014 ar líon na ngearán a fuair an Oifig – thíos 5% ó 2013. Cibé scéal é, fós féin d’éirigh leis an bhfoireann gearán agus imscrúduithe déileáil le 1,600 gearán san iomlán (agus astusan bhí 1,520 gearán nua ann in 2014), agus sin méadú de 9% i gcomparáid le 2012. Léiríonn na figiúirí i dTábla 1 gur laghdaigh líon na ngearán a tugadh anonn ó 2013 go 2014 – ag laghdú faoi 15% idir 2012 agus 2014. Seo mar thoradh ar chórais níos fearr láimhseála gearán a chuir an Oifig i bhfeidhm.

Tábla 1

Gearáin Nua agus Gearáin a Tugadh Anonn gach bliain ó 2004 - 2014




Tábla 2
Fás Carnach (2004-2014)



Gearáin ar Bhonn Carnach a fuarthas idir 2004 agus 2014

Léirítear i dTábla 2 gur sháraigh an Oifig, in 2014, an figiúr 10,000 gearán faighte le linn a 10ú bliain ar an bhfód. Is léir uaidh sin cé chomh mór is atá ualach oibre na hOifige imithe i méid. Bíonn an foirne gearán agus imscrúduithe anois ag déileáil le raon leathan gearán a bhíonn ilghnéitheach agus casta go minic.

Tábla 3
Príomhcheisteanna a nDearnadh Gearán Fúthu in 2014 (%)




Príomhcheisteanna ar fud na n-earnálacha go léir a ndearnadh gearán fúthu in 2014 (%)

Tugann Tábla 3 pictiúr soiléir de na saincheisteanna a chuireann an pobal faoi bhráid na hOifige seo ar bhonn rialta. Cé nach bhfuil ord na saincheisteanna athraithe ó 2013, is fiú a lua go bhfuil “Cleachtas nó Próiseas Éagórach” imithe i méid ó 28% go 38% agus go bhfuil laghdú tagtha ar ghearáin a bhaineann le “Próiseas Láimhseála Gearán an Chomhlachta Phoiblí” ó 8% go 4% sa tréimhse chéanna.

Tábla 4

Catagóirí a ndearnadh gearán fúthu in 2014 (%)



Dáileadh de réir earnála ar na 1,520 gearán nua a fuarthas in 2014 (%)

Mar is léir ó Thábla 4 is faoi earnáil an oideachais, arís, is mó a dhéantar gearáin leis an Oifig seo. Tháinig méadú ar líon na ngearán san earnáil sin ó 43% go 47% ó bhí 2013 ann.

Laghdaigh an leibhéal gearán maidir le tacaíocht teaghlaigh, cúram agus cosaint faoi 1% ó bhí 2013 ann. Léiríonn sé seo na réimsí uile atá faoi scáth na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

D'ardaigh an líon gearán i réimse na sláinte, a chuimsíonn Ospidéal agus Sláinte Pobail/ Meabhairshláinte agus Sláinte Phoiblí, faoi 2% ó bhí 2013 ann.

Oideachas

Tábla 5

Na fochatagóirí nua gearán a fuarthas i ndáil le cúrsaí oideachais in 2014

Gearáin Oideachais in 2014 (47% de gach gearán nua a fuarthas)
Príomh-fhochatagóirí
Láimhseáil líomhaintí maidir le hiompar míchuí gairmiúil
Láimhseáil cúiseanna imní maidir le bulaíocht
Láimhseáil, cinntí agus beartais gearán
Díbirt, fionraí agus rollúchán
Saincheisteanna a bhaineann le beartais nó scéimeanna oideachais nó leis an gcuraclam

Léirítear i dTábla 5 go mbíonn OCO fós ag fáil gearán maidir le láimhseáil líomhaintí d’iompar míchuí gairmiúil múinteoirí agus foirne scoile. Tá cosc sonrath orainn iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí d’iompar míchuí gairmiúil. Cibé scéal é, faoi láthair níl aon bhealach eile sásaimh ann do ghearán sa mhéid nár tugadh tosach feidhme go fóill do Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001). Is cúis thromchúiseach imní é sin don Oifig seo agus is ceist í a d’ardaíomar le hAirí Oideachais éagsúla agus leis an Oireachtas. Is é seasamh leanúnach OCO ina leith seo ná gur chóir tosach feidhme a thabhairt do Chuid 5 gan aon mhoill eile.

Tacaíocht, Cúram & Cosaint do Theaghlaigh

Tábla 6

Na fochatagóirí nua gearán a fuarthas maidir le Tacaíocht, Cúram agus Cosaint do Theaghlaigh

Gearáin maidir le Tacaíocht, Cúram & Cosaint do Theaghlaigh a fuarthas in 2014 (25% de gach gearán nua a fuarthas)
Príomh-fhochatagóirí
Cúiseanna imní maidir le cosaint leanaí
Cúram malartach
Tacaíocht teaghlaigh
Seirbhís oibre sóisialaí
Scéim cúraim leanaí, réamhscoile agus cúraim agus oideachais luath-óige (ECCE)

Sláinte

Tábla 7


Na fochatagóirí nua gearán a fuarthas maidir le Sláinte

Gearáin Sláinte in 2014 (11% de gach gearán nua a fuarthas)
Príomh-fhochatagóirí
Cúram Pobail
Ospidéal
Seirbhísí Meabhairshláinte
Seirbhísí Sláinte Poiblí

Léiríonn Tábla 7 na catagóirí is mó a ndearnadh gearáin fúthu i ndáil le FSS. I measc na saincheisteanna a eascraíonn ó na gearáin sin tá soláthar Teiripe Uirlabhra agus Teanga, Teiripe Gairme agus Measúnuithe Riachtanas do leanaí faoi mhíchumas. Ceist a thagann aníos go minic freisin ná bainistiú liostaí feithimh ar fud gach réimse de sholáthar seirbhíse.

Tábla 8

Daoine a rinne teagmháil leis an Oifig in 2014



Léiríonn Tábla 8 gurb ó thuismitheoirí, ó shiblíne agus ón teaghlach sínte a thagann 82% de gach gearán a fhaigheann OCO. Léiríonn sé sin gurb iad thuismitheoirí agus an teaghlach sínte is mó a phléadálann ar son leanaí agus daoine óga i gcás go mbítear ag iarraidh réiteach a fháil ar éagóir, dar leo, a rinne comhlacht poiblí. Ní miste a lua freisin go bhfuil ról tábhachtach fós ag gairmithe pléadáil a dhéanamh ar son leanaí agus daoine óga chun a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh tacaíocht chun sásamh a lorg i gcás go bhfuiltear den tuairim nár chomhlíon comhlacht poiblí a dhualgais mar ba chóir.

An chaoi a ndéanann Oifig an Ombudsman do Leanáí gearáin a phróiseáil

Déanann an Oifig gach iarracht gach gearán a bhogadh ar aghaidh agus réiteach a fháil air ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúlaí agus is féidir, ach fós féin déantar tréaniarracht a bheith chomh cothrom agus is féidir don ghearánach agus don chomhlacht poiblí i gceist. Gné lárnach d’obair na hOifige ná tathant ar dhaoine *réiteach áitiúil* a lorg ar ghearán, agus tá sé sin ag teacht le prionsabail idirnáisiúnta Ombudsman. Baineann Oifig an Ombudsman do Leanáí leas as formhór a cuid acmhainní daonna ag cur chun cinn an réitigh áitiúil do gach gearán indibhidiúil a láimhseáiltear. In 2014, de réir mar b’iomchuí, rinne an Oifig idirghabháil le comhlachtaí poiblí i ndáil leis na céimeanna ba chóir a thógáil chun dul i ngleic le gearáin go caol díreach. Faightear réiteach ar fhormhór mór na gcásanna ag an gcéim seo agus glacann sé sin, de ghnáth, idir 4 agus 6 seachtaine.

Lorg an Oifig cruinnithe go minic le comhlachtaí poiblí ar bhonn níos ginearálta chun feabhas a chur ar a mbeartais, a gcleachtas agus a ngnáthaimh ar mhaithe le leas is fearr gach linbh a bhféadfadh teagmháil a bheith acu leis na comhlachtaí poiblí sin.

I gcás nach nglacann comhlacht poiblí na céimeanna is gá chun réiteach a fháil ar ghníomh is ábhar do ghearán, féadfaidh an Oifig tús a chur le himscrúdú ar an ngearán. Is éard a bhíonn i gceist le himscrúdú ná a fháil amach cibé acu an raibh an gníomh sin a rinne an comhlacht poiblí ina ghníomh nó neamhghníomh nach raibh iontaofa ó thaobh riaracháin de nó nach raibh agus cibé acu an raibh nó nach raibh éifeacht dhiúltach aige ar an leanbh. Fiú ag céim an imscrúdaithe bíonn an deis ag an gcomhlacht poiblí aontú ar bhealach chun maolú ar aon tionchar neamhfhabhrach ar an leanbh. I gcás go dtarlaíonn sé sin féadfaidh an Oifig an cas a dhúnadh ach bíonn an lánrogha i gcónaí ag OCO an t-imscrúdú a chur i gcrích i gcás gur saincheist chórasach atá ann a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar leanaí eile. Le himscrúdú iomlán mar sin féadfaidh roinnt mhaith ama a bheith i gceist, agus cé go ndéantar gach iarracht an próiseas a bhrostú, níl OCO ina pléadálaí don leanbh ná ina freasúra ag an gcomhlacht poiblí agus dá bhrí sin is gá don oifig a bheith chomh cóir cothrom agus is féidir agus meas a léiriú ar gach páirtí i gceist tríd an deis a thabhairt dóibh uile a gcás a chur i láthair sula nglactar cinneadh. Chomh luath agus a chuireann OCO imscrúdú i gcrích agus i gcás go seasann OCO leis an ngearán, cuirfidh an Oifig torthaí agus moltaí ar fáil. Ansin déanfaidh an Oifig athbhreithniú tar éis sé mhí chun a bheith deimhin de go bhfuil an comhlacht poiblí ag cur i bhfeidhm mholtaí OCO. I gcás nach bhfuil OCO sásta le dul chun cinn an chomhlachta poiblí féadfaidh an Oifig a cúiseanna imní a chur faoi bhráid an Oireachtais.

Cás-staidéir

An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) – Liúntas Míchumais

An Gearán

Rinne duine teagmháil le OCO ar son buachalla ar déagóir é agus a bhfuil neamhord aige ar speictream an uathachais. Bhí gá ag an duine óg seo le tacaíocht leanúnach ar feadh a shaol. Bhí Dochtúir Teaghlaigh an duine óig seo den tuairim nach dtiocfadh feabhas ar a riocht agus níor measadh go mbeadh sé riamh in ann maireachtáil go neamhspleách ná aire a thabhairt dó féin agus/nó post a fháil.

Dar le síceolaí an duine óig seo bhí neamhord trom néarfhorbartha aige agus bheadh gá aige le tacaíocht a thuismitheoirí chun scafall saoil a chruthú dó ar bhealach nach mbeadh gá ag leanaí óga eile. De bhreis air sin, bheadh gá aige le seirbhísí teiripeacha, lena n-áirítear teiripe shaothair, cóitseáil i scileanna sóisialta, ionchur síceolaíoch d'inní, fadhbanna codlata agus cúrsaí iompair.

Ag tacú leis na tuairimí gairmiúla eile, luaigh an príomhoide scoile go raibh an duine óg seo an-leochaileach agus go raibh leibhéil mhaoirseachta ag teastáil dó nach raibh ag teastáil dá chomhscoláirí. Ó thaobh fostaíochta de, rinneadh roinnt fiosrúchán ar son an linbh de réir na spéiseanna aige. Cibé scéal é, ní raibh rath ar na fiosrúcháin sin mar thoradh ar a dhiagnóis.

Ar an mbonn sin, rinneadh iarratas ar son an linbh seo do Liúntas Míchumais. Níor éirigh leis an iarratas, athbhreithniú ná achomharc ina dhiaidh sin, ámh, don Liúntas Míchumais.

Imscrúdú OCO

Chuir OCO tús le réamh-imscrúdú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) agus le hOifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (SWAO), ag lorg eolais chun a thuiscint conas mar a tugadh faoin gcinnteoireacht sa chás seo. Go háirithe, lorgaíodh sonraí maidir le measúnú ar chumas an duine óig na critéir a shásamh i ndáil le srian substaintiúil ó thaobh fostaíochta de, i gcás go bhfuil an t-iarratasóir faoi bhun 18 mbliana d'aois agus ag freastal ar iar-bhunscoil.

Toradh

De bhun réamh-imscrúdú OCO rinne an Príomhoifigeach Achomhairc athbhreithniú eile ar an scéal, agus cuireadh ar ceal na trí chinneadh a rinneadh roimhe sin sa mhéid go raibh earráid sa dlí. Bhí an Príomhoifigeach Achomhairc sásta go raibh níos mó ná dóthain fianaise ann chun a léiriú go mbeadh an duine óg seo faoi mhíbhuntáiste mór ó thaobh fostaíochta a lorg.

Agus an t-imscrúdú seo á thabhairt chun críche leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, mhol OCO go gcuirfí an méid a foghlaimíodh go córasach ón gcás seo in iúl do gach cinnteoir eile sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus san Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh. I ndáil leis an duine óg seo, bronnadh an Liúntas Míchumais air agus rinneadh íocaíochtaí a shiardhátú de réir mar b'iomchuí.

FSS – Seirbhísí Míchumais FSS – Cúram Faoisimh

An Gearán

Rinne tuismitheoirí gearán thar ceann a n-iníne a raibh uathachas uirthi dar leis an diagnóis agus nach bhfuil urlabhra aici. Dhírigh an gearán ar chúram faoisimh a n-iníne agus cuireadh i bhfeidhm go céimneach an comhaontú idir na tuismitheoirí agus Seirbhísí Míchumais FSS. Go luath tar éis an chuir i bhfeidhm sin, rinneadh athbhreithniú ar na seirbhísí faoisimh agus rinneadh athchatagóiriú ar chúram faoisimh an linbh. Mar thoradh air sin laghdaíodh go mór ar an gcúram faoisimh di agus bhí an chuma air go ndeachaigh sin i bhfeidhm go neamhfhabhrach uirthi. Athraíodh an cúram faoisimh freisin le go n-áireofaí uaireanta a bhí á chaitheamh ag an leanbh ar scoil. Nuair a d'ardaigh na tuismitheoirí an cheist maidir leis na gnáthaimh áitiúla chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní acu, shéan an soláthraí seirbhíse go ndearnadh an socrú bunaidh maidir le cúram faoisimh ar chor ar bith.

Imscrúdú OCO

Lorg OCO soiléiriú ó FSS maidir leis an gcaoi a rabhtas ag freastal ar riachtanais an linbh faoin sceideal reatha faoisimh. Lorgaíodh soiléiriú freisin maidir leis na comhaontuithe idir iadsan, mar sholáthraí seirbhíse, agus na gearánaigh. D'admhaigh FSS go raibh míchumarsáid ann leis na gearánaigh. D'aontaigh siad bualadh leis na gearánaigh chun dul i ngleic leis sin, agus le saincheistanna eile, lena n-áirítear próiseas chun an scéim faoisimh agus uaireanta faoisimh don leanbh seo a dhéanamh foirmiúil.

Toradh

D'fhreagair FSS go dearfach don réamh-imscrúdú agus d'aontaigh bualadh leis an teaghlach chun iarracht teacht ar réiteach ar a gcúiseanna imní.

Reáchtáladh cruinnithe cumarsáide idir FSS agus na gearánaigh de réir mar a d'aontaigh siad, agus mar chuid den réiteach áitiúil beartaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar am bailithe an linbh ag fágáil na seirbhíse ag lua go bhféadfaí b'fhéidir síneadh a chur leis, ag brath ar acmhainní.

D'eagraigh siad freisin go mbunófaí Coiste Rialachais chun athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis faoisimh agus ar an mbuiséad gach ráithe. Tugadh an dualgas don Choiste seo freisin a chinntiú go dtabharfaí fógra do theaghlaigh maidir le haon athrú a bheadh le teacht ar a seirbhís faoisimh agus go leanfaí ag tairiscint na seirbhíse faoisimh ar bhonn athbhreithniúcháin.

Chomh maith leis sin, d'aontaigh FSS go mbunófaí próiseas achomhairc i ndáil le cinní faoisimh chun a chinntiú go mbeadh an deis ag úsáideoirí seirbhíse achomharc a dhéanamh ar chinneadh.

Leithdháileadh Altra Idirchaidrimh ar an teaghlach freisin mar an chéad phointe teagmhála toisc cúiseanna imní a d'ardaigh an teaghlach ag cruinniú straitéise cumarsáide.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) – Clár Fóirdheontais Cúraim Leanaí Pobail

An Gearán

Fuarthas gearán i ndáil le téarmaí ag líomhnú go raibh téarmaí agus feidhmiú an Chláir Fóirdheontais Cúraim Leanaí Pobail (CCS) míchothrom. Faoi chlár CCS cuirtear tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí atá i bpoist ísealchá nó ag tabhairt faoi oiliúint nó oideachas trí chead a thabhairt do na thuismitheoirí sin fónamh a bhaint as costais laghdaithe cúraim leanaí ag seirbhísí cúraim leanaí pobail atá páirteach sa scéim. Chuir máthair le cúigear clainne in iúl go mbeadh sí ag filleadh ar an obair i mí Eanáir 2014 agus theastaigh uaithi a hiníon a chur san áis cúraim leanaí pobail/creis in éineacht lena beirt leanaí eile, a bhí ag freastal cheana féin.

Chomhlíon an leanbh na critéir uile don ráta laghdaithe ach ní raibh an leanbh cláraithe agus ní raibh ag freastal ar an gcreis an Deireadh Fómhair roimhe sin, le linn na 'seachtaine roghbhliúire' mar a thugtar air, tráth a seiceáilann DCYA an rolla chun a dhearbhu cén líon leanaí atá ag freastal ar an gcreis faoin scéim.

Dúradh leis an máthair nach mbeadh an ráta laghdaithe ar fáil di go dtí an Meán Fómhair an bhliain dár gcionn. Mhaígh an gearánach go raibh sé sin míchothrom mar nach raibh sé indéanta an leanbh a bheith ag freastal ar an gcreis an tseachtain sin i mí Dheireadh Fómhair sa mhéid go raibh an leanbh ró-óg agus chiallaigh sé sin anois go mbeadh uirthi an ráta iomlán a íoc ó mhí Eanáir go mí Lúnasa 2014.

Imscrúdú OCO

Reáchtáil OCO réamh-imscrúdú ar ghearán maidir le feidhmiú an Chláir CCS a ndéanann DCYA maoirseacht air agus lorg sonraí maidir leis an réasúnaíocht in úsáid don 'tseachtain roghbhliúire' sa bhliain d'iarraíais a bheith faighte.

Sa chéad fhreagra a fuarthas ó Rannán Luathbhlianta DCYA ní raibh dóthain soiléire ann maidir leis an scéim ná níor moladh réiteach ar an ngearán.

Cé gurb í aidhm na scéime tacaí dearfacha díreacha a sholáthar do thuismitheoirí, agus dá leanaí, agus iad ag iarraidh fillleadh ar an obair, ba í príomhchúis imní OCO ná go mb'fhéidir go raibh dolúbthacht ann sa scéim a bhí míréireach agus go raibh éifeacht nach raibh beartaithe ag eascairt as sin a rachadh i bhfeidhm ar na teaghlaigh sin is mó a mbeadh gá acu le rochtain a fháil ar chúram leanaí toisc go raibh a gcúinsí athraithe.

Bhí OCO den tuairim go raibh an ghné áirithe riaracháin seo den scéim míchothrom agus go raibh tionchar neamhfhabhrach aige ar an teaghlach. Chuir OCO tús leis an gcéad chéim den phróiseas imscrúdúcháin agus lorg freagra ó DCYA.

Ar leithligh uaidh sin, cuireadh réiteach áitiúil ar fáil don thuismitheoir sa mhéid gur chuir soláthraí cúraim leanaí ráta laghdaithe ar fáil go deonach (ó Eanáir go Lúnasa) a bheadh ag teacht leis an ráta leis an bhfóirdheontas a bhí ar fáil faoin scéim.

Sa mhéid gur laghdaigh an réiteach seo an tionchar neamhfhabhrach ar an leanbh, bheartaigh OCO gan dul ar aghaidh leis an imscrúdú reachtúil a bhí beartaithe. Seachas sin, bheartaigh an Oifig díriú ar an gceist chórasach agus rinne roinnt moltaí maidir le feidhmiú na scéime agus le conas a bhí roinnt gnéithe den scéim ag dul i bhfeidhm go héagórach ar leanaí a bheadh ró-óg tosú sa chreis sa tseachtain áirithe sin i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

Toradh

Reáchtáil an Rannán Luathbhlianta de DCYA clár athbhreithniúcháin ar scéim CCS agus chuir san áireamh ann na moltaí a rinne an Oifig seo. Dá bhun sin, leasaíodh téarmaí scéim 2014, ionas go bhféadfadh gach leanbh ó 0-12 mí, ach nach raibh incháilithe seachas sin, rochtain a fháil ar an gclár le linn na bliana go léir agus nach mbeadh an t-iarraíais teoranta a thuilleadh don 'tseachtain roghbhliúire' sin i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

Tá an Oifig seo den tuairim gur baineadh an réiteach is fearr amach sa chás seo trí chomhoibriú le DCYA agus táthar ag súil, leis na critéir leasaithe incháilitheachta go mbeidh thuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste, a bhfuil leanaí óga acu, in ann rochtain iomlán a fháil ar an scéim seo, chomh luath agus atá na thuismitheoirí sin in ann fillleadh ar an obair nó ar oiliúint, de réir aidhmeanna foriomlána na scéime.

Údarás Tithíochta Áitiúla

An Gearán

Fuair OCO gearán ó mháthair thar ceann a teaghlaigh a bhí ar liosta tithíochta Comhairle Contae, atá ag feitheamh faoi láthair do thithíocht iomchuí. Chuir sí in iúl go raibh triúr dá cúigear páistí a raibh galar meathlúcháin matán acu agus go bhfuil míchumais foghlama acu freisin. Chomh maith leis sin, tá moilliú géar forbraíochta, uathachas agus deacrachtaí iompraíochta ag an leanbh is óige agus déantar an leanbh sin a chothú le peg. Chuir sí in iúl go raibh an teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíós, agus nach raibh an chóiríocht sin oiriúnach do riachtanais a leanaí agus go raibh sí tar éis cur isteach ar áit tosaíochta leighis ar liosta na Comhairle trí bliana roimhe sin do theach le ceithre sheomra codlata.

Chuir an gearánach in iúl freisin ag an uair nach bhfaigheann sí mórán comhfhreagrais ón gComhairle agus nach raibh sí cinnte an ndearnadh breithniú ceart ar an bhfaisnéis leighis go léir a cuireadh ar fáil chun tacú lena hiarratas ar stádas tosaíochta leighis.

Imscrúdú OCO

Reáchtáil OCO réamh-imscrúdú ar an ngearán maidir le próiseáil an iarratais a rinne an teaghlach seo ar thithíocht, lena n-áirítear conas a bhreithnigh an Chomhairle an doiciméadúchán leighis go léir. Bhreathnaigh an Oifig seo ar shaincheisteanna cumarsáide idir an teaghlach maidir lena n-iarratas ar stádas tosaíochta leighis.

D'fhreagair an Chomhairle go dearfach don iarratas ó OCO faisnéis a sholáthar. Admhaíodh láithreach go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcumarsáid leis na ngearánach agus le linn an ama agus OCO ag imscrúdú an ghearáin bhí plé substainteach ann idir an Chomhairle agus an gearánach, rud nár tharla roimhe sin is cosúil.

Tháinig sé chun solais ón imscrúdú ar an gcás nach ndearnadh ach tairiscintí thar a bheith teoranta leis an teaghlach ón tráth ar glacadh lena n-iarratas. Rinneadh na tairiscintí sin maidir le ceantair nach bhféadfadh an teaghlach glacadh leo sa mhéid nach raibh tacaí leighis agus oideachais ann sna ceantair sin, tacaí a bhí ann don teaghlach sa cheantar ina raibh siad lonnaithe ag an uair. Ó fhiosrúcháin a rinne OCO fuarthas amach go raibh Coiste Leighis na Comhairle tar éis cead a thabhairt tosaíocht leighis a thabhairt don teaghlach agus chuir siad comhairle ar an rannóg soláthair teach le ceithre sheomra codlata a chur ar fáil sa cheantar cúí. Ní dhearnadh aon tairiscint, ámh, leis an teaghlach do theach sa cheantar cúí le trí bliana.

Ghlac an Chomhairle leis nach raibh siad ag freastal ar riachtanais tithíochta an teaghlaigh seo de réir mar a mhol a Coiste Leighis féin agus luaigh go raibh cóiríocht sa cheantar sin teoranta ach go ndéanfaí iarrachtaí leanúint ag lorg tithíocht chúí.

Toradh

Le linn an imscrúdaithe fuair an gearánach amach go raibh eastáit tithíochta á thógáil ina ceantar. Tar éis don ghearánach agus don OCO fiosrúcháin a dhéanamh leis an gComhairle, tháinig sé chun solais go mbeadh roinnt de na haonaid san eastáit tithíochta sin le cur ar fáil don Chomhairle mar thithíocht shóisialta. Chuir an Chomhairle in iúl don OCO go raibh siad ag idirbheartaíocht leis na forbróirí agus pleanálaithe agus chomh luath agus a bheadh na pleananna faofa, go mbeadh an Chomhairle in ann aonad le ceithre sheomra codlata a thairiscint don teaghlach. Meastar go mbeidh na haonaid tithíochta sóisialta sin ar fáil don chomhairle go luath in 2015.

Tithíocht Údaráis Áitiúla

An Gearán

Fuair OCO gearán ó mháthair a raibh a mac ceithre bliana d'aois ag an uair agus Uathachas agus Géarmhoilliú Cognaíoch (ASD) air. Rinne sí teagmháil le OCO le gearán i ndáil lena staid tithíochta reatha ag lua go raibh tionchar diúltach aige sin ar a mac. Tugadh le fios go raibh an spás cónaithe chomh teoranta sin go raibh a mac faoi strus mór agus ag brath dúnta isteach.

D'ainneoin gur chuir sí iarratas isteach chuig an gComhairle do thosaíocht tithíochta ar fhorais leighis agus gur chuir sí an doiciméadúchán tacaíochta ar fáil, diúltaíodh dá hiarratas. Rinne an mháthair achomharc air sin, ach diúltaíodh don achomharc.

Imscrúdú OCO

Rinne OCO réamh-imscrúdú ar an ngearán agus d'imigh i dteagmháil leis an gComhairle maidir leis sin. Lorg an Oifig go sonrath faisnéis maidir leis an nithe seo a leanas:

- Seasamh na Comhairle maidir le tosaíocht leighis a bhronnadh ar mhac an ghearánaigh;
- Beartais iomchuí na Comhairle i ndáil leis an suíomh áirithe seo agus cibé acu an raibh nó nach raibh aon chineálacha eile oiriúnacha tithíochta ar fáil don teaghlach seo, mar shampla tríd an Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS), Fóirdheontas Cíos nó cumainn dheonacha tithíochta; agus
- Cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an gearánach ar an eolas go hiomlán faoi na roghanna go léir a bhí ar fáil di.

Toradh

Mar thoradh ar idirghabháil OCO shocraigh an Chomhairle a Mholtóir Leighis a chur ar fáil chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na sonraí leighis go léir a fuarthas go dtí sin i ndáil leis an mbuachaill óg chun a chinneadh cibé acu an raibh sé oiriúnach tosaíocht leighis a thabhairt dó. Luaigh an Chomhairle freisin go raibh sé sásta go ndéanfadh an gearánach aighneacht leis an bPríomhoifigeach Leasa Tithíochta ar fhorais eisceachtúla shóisialta.

Tar éis a athbhreithnithe, bheartaigh an Chomhairle tosaíocht leighis a bhronnadh ar an mbuachaill óg. Chomh maith leis sin, chuir ionadaí ón gComhairle glao ar an ngearánach chun an cinneadh a mhíniú di agus na himpleachtaí a bheadh aige dá staid tithíochta.

Idir an dá linn, ámh, bhíothas tar éis a chur in iúl don ghearánach fiú leis an stádas tosaíochta sin, go bhféadfadh dhá bhliain a bheith ann sula mbeadh an Chomhairle in ann cóiríocht le trí sheomra codlata a chur ar fáil di.

Tusla (FSS go dtí an 31 Nollaig 2013) – Cúram Altramaís le Gaolta

An Gearán

Cuireadh gearán faoi bhráid na hOifige maidir le haintín duine óige (A), a bhí cúig bliana déag d’aois ag an uair, maidir le cinneadh FSS (seirbhís arna soláthar ag Tusla anois) deireadh a chur le tacaíocht airgeadais a sholáthar di chun cuidiú léi cúram a dhéanamh de. Chuir sí in iúl go raibh sí ag tabhairt aire dá nia ó 2003. Ar feadh tréimhse dhá bhliain, bhí íocaíocht á fháil aici ó FSS de réir Alt 10 den Acht um Chúram Leanaí 1991 (Íocaíocht Alt 10) agus Liúntas Dílleachta (Liúntas Caomhnóra mar a thugtar air anois), agus íocaíocht leasa shóisialaigh. Bhain an gearán le gur chuir FSS deireadh leis an íocaíocht Alt 10 ar an mbonn gur mhaígh an Rannóg Oibre Sóisialaí nach raibh sí tar éis a chur in iúl dóibh go raibh an dá íocaíocht á bhfáil aici.

Imscrúdú OCO

Tar éis réamh-imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán a fuarthas, chinn an Oifig dul ar aghaidh leis an imscrúdú de réir Alt 8 d’Acht 2002. Dhírigh an t-imscrúdú ar an leibhéal tacaíochta arna fháil ag FSS chun cuidiú le A agus a aintín.

Le linn an imscrúdaithe tháinig sé chun solais sa mhéid go raibh FSS tar éis cuidiú A a chur ag cónaí lena aintín, ní fhéadfaí a rá gur socrú cúraim phríobháidigh é seo idir baill den teaghlach. Tá an Oifig seo den tuairim go raibh FSS tar éis caitheamh leis mar shocrú cúraim phríobháidigh tar éis tréimhse ama nach raibh sé réasúnta é sin a dhéanamh. Trí leas a bhaint as socrú príobháideach san fhadtéarma, i gcomhthéacs cúiseanna imní faoi chumas na máthar aire a thabhairt dó, bhí A i suíomh thar a bheith leochaileach agus bhí an tacaíocht arna soláthar ag FSS an-teoranta ó thaobh tacaíocht airgeadais agus maoirseachta de chun leas an linbh a chinntiú.

Rinn aintín A teagmháil le FSS in 2004 ag lorg cúnaimh airgeadais chun cúram a dhéanamh dá nia sa mhéid nach raibh aon chúnamh ag teacht ón mháthair a thuilleadh. Ag an uair mhol FSS di cur isteach ar an Liúntas Dílleachta. Lorg sí chúnamh breise in 2006 tráth ar chuir sí in iúl go raibh a cúinsí athraithe agus go raibh deacrachtaí airgeadais aici. Cuireadh maoiniú Alt 10 ar fáil di chun an socrúchán a choinneáil mar a bhí ionas nach mbeadh gá A a chur in ionad cúraim. Mar sin, bhí soláthar faoi Alt 10 ag teacht leis an gcur chuige maoiniúcháin ag FSS in 2003, an leanbh a chur isteach in ionad cúraim a sheachaint. Bhí a aintín den tuairim go raibh sé beartaithe leis an Liúntas Dílleachta agus leis an íocaíocht eile tacaíocht airgeadais cúramóirí altramaís a chur ar fáil di.

Rinneadh an íocaíocht Alt 10 ar feadh tréimhse shainithe agus bhíothas le hathbhreithniú a dhéanamh air i mí Dheireadh Fómhair 2007. Is cosúil go rabhthas leis an íocaíocht a athnuachan, ach níor tharla sé sin sa mhéid gur fhág an tOibrí Sóisialta agus ní dhearnadh

ath-leithdháileadh ar an gcás. Tá sé réasúnta nach ndéanfaí maoiniú a chur ar fáil ar bhonn neamhtheoranta leanúnach gan athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás. Ach chinn an Oifig go raibh an cinneadh scor den íocaíocht Alt 10 a dhéanamh i mí na Nollag, ámh, bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán mhícheart agus tar éis dul don Aintín agus tar éis d'ionadaí teagmháil a dhéanamh leo, ní dhearna FSS athbhreithniú ar an gcás. Chinn an Oifig go raibh sé sin contrártha le riarachán iontaoifa de réir mar atá sonraithe in Alt 8 d'Acht 2002.

Tá an Oifig seo den tuairim go ndeachaigh sé i bhfeidhm go neamhfhabhrach ar an leanbh gur theip ar FSS tacaíocht imleor airgeadais a sholáthar chun cuidiú le A; nár cuireadh próis chúí i bhfeidhm agus nach ndearnadh athmheasúnú ar chúinsí an teaghlaigh tar éis go ndearnadh uirfoll; agus nár cuireadh aon chúnamh airgeadais ar fáil ó 2008, d'éagmais athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar chúinsí an linbh.

Toradh

Rinne an Oifig roinnt moltaí le Tusla (FSS mar a bhí), lena n-áirítear na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir do Tusla (FSS mar a bhí) cúnamh airgeadais a sholáthar do A agus dá aintín agus an tacaíocht airgeadais Alt 10 a chur ar ais agus é a shiardhátú go dtí an dáta ar scoradh dá chur ar fáil,
- Ba chóir go mbeadh próiseas soiléir, trédhearcach, comhleanúnach ann chun déileáil le hiarratais Alt 10 agus go mbeadh cumarsáid shoiléir ann le teaghlaigh faoi thoradh na n-iarratas sin,
- Ba chóir do Tusla (FSS mar a bhí) a chinntiú go gcomhlíonfadh sé a dhualgais cosaint agus tacaíocht a sholáthar do leanaí, mar gur léirigh an t-imscrúdú seo cúiseanna tromchúiseacha imní i ndáil le húsáid socrúithe neamhfhoirmiúla/príobháideacha i gcomhthéacs cúiseanna imní faoi chosaint leanaí.

Chuir Tusla in iúl gur ghlac siad go hiomlán leis an moladh seo agus go dtosófaí á chur i bhfeidhm ar bhonn tosaíochta. Cuireadh an íocaíocht Alt 10 ar ais agus ríomhadh na riaráistí agus tá sé sin curtha ar aghaidh le próiseáil. Tá measúnú ar shocrúchán A lena aintín i gcrích anois agus rinneadh iniúchadh leantach chun a chinntiú go rabhthas ar freastal ar a riachtanais. Tá gach socrú cúraim phríobháidigh á athbhreithniú anois sa réimse cuí, ag úsáid na moltaí ó thuarascáil an Ombudsman. Ag an leibhéal náisiúnta tá ball foirne tiomnaithe ann a dhéanfaidh athbhreithniú ar shocrúithe príobháideacha agus cúram altramais teaghlaigh ar fud na tíre, agus déanfar monatóireacht ar shocrúithe príobháideacha.

Bealach Rochtana Ardoideachais (HEAR)

An Gearán

Rinne máthair teagmháil le OCO thar ceann a hiníne 17 mbliana d'aois mar nach raibh sí incháilithe le haghaidh HEAR tar éis a céadiarratais agus tar éis go ndearnadh iarratas athsheiceála a mheas. Bhí an gearánach den tuairim gur shásaigh a hiníon na critéir incháilitheachta don scéim.

Is éard is HEAR ann scéim iontrála coláiste agus ollscoile mar a gcuirtear tairiscintí áiteanna ar fáil ar bhonn pointí laghdaithe chomh maith le tacaíocht bhreise choláiste d'fhágáilthe scoile ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste.

Bhí an gearánach den tuairim go raibh sí tar éis an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil do HEAR ionas go bhféadfaidís a leibhéal ioncaim a mheas de réir mar ba ghá mar chuid de na critéir iontrála sa scéim.

Imscrúdú OCO

Chuir OCO tús le réamh-imscrúdú ar an ngearán agus scríobh chuig Aonad Seirbhísí Comhroinnte DARE HEAR a dhéanann riar ar an scéim thar ceann na n-ollscoileanna agus na gcoláistí atá páirteach ann.

Sa chás seo mhínigh HEAR nach raibh an gearánach tar éis an fhaisnéis riachtanach leasa shóisialaigh a sholáthar faoin spriocdháta an 1 Aibreán. Go háirithe, bhí doiciméadúchán leasa shóisialaigh ar lár ó 2012, ceann de na blianta a bhí le cur san áireamh. Bíonn gá leis an bhfaisnéis seo ionas go mbeadh HEAR in ann cinneadh a dhéanamh maidir le hincháilitheacht iarrthóra don Táscaire Ísealioncaim, ceann de na fachtóirí a chuirtear san áireamh chun cinneadh ar chritéir HEAR. Shásaigh an duine óg na táscairí eile, agus dá mbeadh sí tar éis an táscaire Ísealioncaim a shásamh, bheadh sí incháilithe don scéim HEAR.

Ansin chuir an mháthair an doiciméadúchán Leasa Shóisialaigh le haghaidh 2012 ar fáil i mí an Mheithimh. Ach, sa mhéid nach raibh fianaise phostála ag gabháil leis, níor breithníodh é. Bhí an tábhacht a bhaineann le fianaise phostála a choinneáil sonraithe sa treo maidir le hiarratas a dhéanamh agus sa litir maidir le toradh an mheasúnaithe.

Chuir an teaghlach isteach ar athsheiceáil ar an iarratas go luath i mí Iúil, de réir ghnáthaimh HEAR. Rinneadh athsheiceáil ar an iarratas agus fuarthas nach raibh aon earráidí riaracháin ann agus go raibh an duine óg fós neamhincháilithe do HEAR. Cuireadh fógra chuici faoi thoradh na hathsheiceála tríd an bpost ag deireadh mhí Iúil.

Is ansin a rinne an teaghlach teagmháil le OCO sa mhéid nach raibh siad sásta le cinneadh HEAR. Mhínigh HEAR, ámh, go raibh leibhéal eile achomhairc ann, an Coiste Neamhspleách Achomhairc, agus go raibh sin ina bhealach iomchuí don teaghlach ag an staid sin, go háirithe sa mhéid go bhféadadh sé réiteach a fháil ar an scéal ag an uair don chéad bhabhta de thairiscintí CAO tráth a ndéantar tairiscintí HEAR.

Tar éis don OCO réamh-imscrúdú a dhéanamh, rinne HEAR athbhreithniú ar an iarratas a cuireadh isteach. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad agus i gcomhairle le bainisteoirí Measúnaithe agus Athsheiceála HEAR bhíodhas den tuairim cé nár cuireadh isteach an fhaisnéis shonrach a bhí ag teastáil maidir le doiciméadúchán Leasa Shóisialaigh faoin spriocdháta den 1 Aibreán, fós féin léirigh an fhianaise leasa shóisialaigh go raibh ioncam an teaghlach faoi bhun na tairisí ioncaim. Mar sin dar le HEAR ba chóir go raibh an duine óg seo tar éis an critéir a shásamh a bhain le hioncam agus dá bhrí sin ba chóir go mbeadh sí incháilithe don áit le pointí laghdaithe HEAR.

Toradh

Ghabh HEAR leithscéal leis an duine óg agus lena máthair as an earráid a rinneadh sa chéad mheasúnú agus san athsheiceáil ar a hiarratas.

Toisc go raibh na tairiscint CAO thart faoin taca go raibh próiseas an réamh-imscrúdaithe i gcrích ní fhéadadh an duine óg leas a bhaint as na pointí laghdaithe a chuireann scéim HEAR ar fáil. Cibé scéal é, bhí an duine óg tar éis glacadh le háit ar chúrsa tríú leibhéal, cé nach a céad rogha a bhí ann. Sna cúinsí seo chuir HEAR tacaí breise ar fáil faoin scéim don duine óg seo. Bhí an teaghlach sásta leis an toradh.

An Roinn Oideachais- Múinteoir ar Cuairt le Leanbh Bodhar

An Gearán

Rinne máthair teagmháil le OCO i mí Feabhra 2014 d'fhonn cúiseanna imní a chur in iúl i ndáil le leibhéal na Seirbhíse Múinteora ar Cuairt (VTS) a rabhthas le cur ar fáil dá hiníon, atá faoi ollbhodhaire, agus an Múinteoir ar Cuairt (VT) don réigiún ar shaoire mháithreachais ag an am. Cuireann VTS comhairle agus tacaíocht ar fáil chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil lagú éisteachta nó radhairc acu. Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil ag leibhéal réamhscoile, bunscoile, iar-bhunscoile agus tríú leibhéal agus áirítear ann:

- Treoir agus tacaíocht do leanaí réamhscoile agus dá dtuismitheoirí sa bhaile;
- Teagasc, tacaíocht agus monatóireacht speisialtóireachta;
- Comhairle maidir le himpleachtaí curaclaim agus timpeallachta ;
- Tacaíocht, comhairle, oiliúint agus idirchaidreamh do thuismitheoirí/múinteoirí & gairmithe;
- A chinntiú go gcuirtear Cóiríocht Réasúnta ar fáil do mhic léinn trí SEC; agus
- Comhairle/idirchaidreamh le hoifigigh rochtana chun a chinntiú go gcuirtear na tacaí iomchuí ar fáil ag an 3ú leibhéal.

Luaigh an gearánach go ndúradh léi ar dtús go gcuirfí clúdach ar fáil do thréimhse na saoire máithreachais ach ina dhiaidh sin cuireadh in iúl di nach mbeadh sé sin indéanta, agus go gcaithfí cuairteanna a shocrú ar bhonn riachtanais-bhunaithe.

Luaigh an gearánach nach leibhéal imleor seirbhíse é sin dá hiníon a bhain an-leas as an VTS agus as na hidirghabhálaithe speisialaithe, saineúla a bhí ag gabháil leis sin. Bhíothas tar éis a chur in iúl go mbíodh an VT a d'ímigh ar shaoire mháithreachais ag freastal ar an scoil agus ag bualadh leis an leanbh gach coicís.

Imscrúdú OCO

Chuir OCO tús le réamh-imscrúdú ag lorg faisnéise faoi shocruithe na seirbhíse agus faoin bpleanáil le linn na tréimhse sin. Leag OCO béim ar an réiteach áitiúil a lorg maidir leis na ceisteanna a ardaíodh.

D'fhreagair DES agus mhínigh go raibh an ceantar i gceist thíos leis toisc ball foirne a bheith as láthair ó mhí Eanáir 2014 agus go raibh 46 leanbh in ualach cásanna an VT seo. Chuir DES in iúl go raibh seirbhísí VT eile ar fáil idir Eanáir agus Márta chun tacaíocht agus comhairle a sholáthar. Cuireadh socruithe foirmiúla i bhfeidhm ansin go gcuirfeadh VTanna eile sa réigiún clúdach ar fáil sa tréimhse asláithreachta sin don VT áitiúil, chun a chinntiú go mbeadh leanúnachas seirbhíse ann do leanaí, tuismitheoirí agus scoileanna sa cheantar.

Cuireadh scoileanna agus tuismitheoirí ar an eolas faoi shocruithe DES.

Toradh

Mhínigh DES go raibh an tAire tar éis a rá i mí Márta go raibh socruithe á gcur i bhfeidhm chun an VTS a chlúdach sa limistéar. Tar éis sin a chloisteáil luaigh an gearánach go raibh áthas uirthi faoi na tacaí a bhí á gcur i bhfeidhm agus gur cuireadh in iúl di go mbeadh dhá chuairt á fháil ag a hiníon in aghaidh na míosa – an leibhéal céanna seirbhíse a bhíodh á fháil aici roimhe sin.

Gearáin faoi Bhulaíocht ar Scoil

Ar na ceisteanna a thagann aníos arís is arís eile sna gearáin a faigheann an Oifig tá an chaoi a gcaitheann páistí lena chéile agus an meas a bhíonn acu ar a chéile agus an chaoi a ndéanann scoileanna, mar chuid den tsochaí, déileáil le haon chliseadh ar an meas sin. Mar sin, gach bliain, faigheann OCO líon suntasach gearán i ndáil le bulaíocht agus an chaoi ar láimhseáil na scoileanna cúiseanna imní na dtuismitheoirí.

I gcás tuismitheoirí a dhéanann gearáin thar ceann a leanaí seans go bhfuil siad tar éis a gcúiseanna imní a chur in iúl cheana féin go díreach don fhoireann agus don scoil i gceist, agus go bhfuil siad míshásta sa mhéid gur leanadh den bhulaíocht, nó go mbraitheann siad nár ghlac an scoil na céimeanna ba ghá chun sábháilteacht agus leas an linbh a chinntiú.

Le deich mbliana anuas bhreithnigh agus d'imscrúdaigh OCO a lán gearán i ndáil le bulaíocht ar scoil agus bhí sé i gcónaí i measc na gcúig shaincheist is mó a raibh daoine óga ag gearán fúthu san oideachas. Cé go mbíonn gach gearán éagsúil, féadfaidh roinnt saincheisteanna coiteanna teacht chun cinn a thugann le fios go bhfuil gá feabhas a chur ar an gcleachtas riaracháin thar ceann scoileanna. Trí chomhairliúchán díreach le daoine óga (*Dealing with Bullying in Schools: A Consultation with Children and Young People – OCO 2013*), féachann obair OCO maidir le beartas reachtúil le feabhas a lorg sa chreat reatha ina dtuigtear, ina n-aithnítear agus ina ndéileáiltear le bulaíocht i scoileanna.

Féachfaidh OCO, mar chuid d'aon réamh-imscrúdú lena chinntiú go mbeidh scoileanna ag cloí le beartas frithbhulaíochta agus go mbeidh an beartas sin le fáil ar a suíomh gréasáin agus/nó inrochtana go héasca do dhaltaí agus tuismitheoirí.

Léiríonn gearán amháin a fuarthas agus ar déileáladh leis in 2014, léargas maith ar an gcaoi a bhféadfadh toradh níos fearr a bheith ar ghearán don leanbh dá mba rud é go raibh cumarsáid níos fearr ann. Sa chás seo rinne tuismitheoirí gearán leis an Oifig inar cuireadh síos ar chúiseanna imní faoi ghníomhartha na scoile mar fhreagairt ar tharlú tromchúiseach a d'imigh i bhfeidhm go neamhfhabhrach ar a leanbh. Mar ghníomh d'fhéadfaí a shamhlú

leis gur tarlú aonraithe é agus/nó tarlú ag leanúint ó bhulaíocht i gcoinne a linbh. Is éard a tharla na gur cuireadh teachtaireacht mhaslach faoin dalta san fhearann poiblí. Mar sin bhí gné fhéideartha choiriúil ag baint leis, agus dá bhrí sin bhí na Gardaí páirteach sa scéal ina dhiaidh sin.

Bhí na tuismitheoirí ag iarraidh dearbhú agus faisnéis a fháil i ndáil leis an bpíonós a ghearrfaí ar na daltaí a aithníodh mar na daltaí a bhí freagrach as ar tharla. Ní raibh siad soiléir faoin mbeartas agus an treoir arna húsáid ag an scoil i ndáil leis an gcás.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an scéal, bhí OCO deimhin de go raibh an scoil tar éis céimeanna a ghlacadh láithreach ar mhaithe le leas is fearr an linbh a ndeachaigh an tarlú i bhfeidhm air/uirthi agus chun leasa is fearr an linbh/na leanaí a rinne an gníomh.

Tháinig sé chun solais go raibh an scoil ag glacadh céimeanna, chun monatóireacht a dhéanamh ar an scéal, céimeanna nár cuireadh in iúl do na tuismitheoirí. Ba léir freisin go raibh cúiseanna imní leanúnacha ag na tuismitheoirí dá leanbh nach raibh an scoil ar an eolas fúthu. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, chinn an Oifig nach raibh gá dul níos faide san imscrúdú ag an staid sin, ach rinneadh roinnt moltaí leis an scoil.

Tá sé de dhualgas ar scoileanna timpeallacht shábháilte thacúil oideachais a sholáthar. Tá dúshlán intreach ag baint leis sin go háirithe agus scoileanna ag déileáil le bulaíocht. Sa chás seo mhol OCO go ndéanfadh an scoil athbhreithniú ar a cleachtas agus mhol i gcásanna casta, i gcás go mbeadh scoileanna in iúl ar dheacrachtaí cumarsáide nó ar an eolas go raibh tuismitheoirí míshásta faoin gcaoi a raibh an gearán á láimhseáil, gur chóir don scoil cumarsáid ó bhéal agus is scríbhinn a dhéanamh le tuismitheoirí an dalta leis na cúiseanna imní chun comhairle a sholáthar don scoil maidir leis conas is fearr déileáil leis an gcás.

Ní féidir gach gníomh a ghlacann scoil a chur in iúl do thuismitheoirí ach tá sé de fhreagracht orthu, chomh luath agus atá an scoil in iúl ar na deacrachtaí atá á lua, feabhas a chur ar na nithe a chuireann sé in iúl agus d'áireodh sé seo leagan amach soiléir a dhéanamh ar na nithe nach féidir leis sonraí beachta a sholáthar maidir leo. I gcás gur iomchuí é, féadfaidh go mbeidh ar an scoil freisin leagan amach cén pháirt a bheadh ag tríú páirtí sa chás, mar shampla an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) nó an Garda Síochána.

Fócas ar shaincheisteanna téamacha

Meabhairshláinte

In 2014, fuair an Oifig roinnt gearán casta a bhain le rochtain ar sheirbhísí oiriúnacha meabhairshláinte do dhaoine óga. Go háirithe, bhí roinnt gearán a fuarthas a bhain le cúiseanna imní faoi leanaí a bhí i mbaol lámh a chur ina mbás féin nó iad féin a ghortú a cuireadh ar liosta na saoráidí síciatrachta do dhaoine gasta agus iad ag feitheamh le háit i seirbhís othair chónaithigh sa tsaoir do dhéagóirí. Is cosúil gur tharla na hiontrálacha sin ar bhonn éigeandála toisc go raibh gá le cóireáil go práinneach agus dul i ngleic leis

na cúiseanna láithreacha imní. Eagraíodh go mbeadh altraí speisialtóireachta ar fáil chun tacaíocht a sholáthar do na daoine óga i gceist.

Bhain roinnt de na gearáin a fuair an Oifig le moill a cuireadh ar réiteach a fháil ar chóireáil d'othair chónaitheacha i saoráid iomchuí do dhéagóirí, agus thóg sé roinnt mhaith ama i roinnt cásanna. Luaigh tuismitheoirí a gcúiseanna imní nach raibh aon idirghabháil chuspóireach á chur ar fáil sa mhéid go raibh na socrúcháin míchuí agus, mar thoradh air sin, nach rabhtas ag freastal mar ba ghá ar riachtanais mheabhairshláinte a leanaí. De bhreis air sin, luaigh siad nach raibh aon ghníomhaíochtaí a bheadh oiriúnach do riachtanais ná d'aois a leanaí ar fáil agus nach raibh aon idirchaidreamh ann le daoine ar comhaois leo, rud a bhí ag dul i bhfeidhm go neamhfhabhrach ar na leanaí sin.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na cásanna sin, ba chosúil go raibh moill shuntasach ar rochtain a fháil ar na gcóireáil othair chónaithe ba ghá do dhéagóirí go páirteach toisc líon na socrúcháin ar fáil agus leibhéal an éilimh. I roinnt cásanna, aontaíodh ar mhaoiniú chun rochtain a fháil ar shaoráidí príobháideacha, ach ní i gcónaí a bhí socrúcháin ar fáil. Mar sin, cúis imní lárnach a tháinig chun solais ón scrúdú ar na gearáin seo ná infhaighteacht socrúcháin oiriúnach éigeandála do leanaí sna cúinsí seo.

Chomh maith leis sin fuair an Oifig gearáin i ndáil le rochtain ar sheirbhísí speisialtóireachta do neamhoird itheacháin do leanaí agus daoine óga. Bhí an chéad chóireáil á fháil ag na leanaí seo in ospidéal toisc na n-aimhréidheanna leighis ag eascairt óna riocht, agus ní fhéadfaí iad a ligean isteach i saoráidí othair chónaithe do leanaí agus déagóirí mar thoradh air sin. I roinnt cásanna, toisc chastacht riachtanais chóireála na leanaí ba ghá iad a atreorú chuig seirbhísí lasmuigh den dlínse. Cé go soláthraíonn na seirbhísí othair chónaithe do leanaí agus déagóirí seirbhísí don ghrúpa seo leanaí, bhí gá le gairmithe sna cásanna a raibh speisialtóireacht neamhoird itheacháin acu. Níl seirbhís dá leithéid ar bun in Éirinn go fóill, ámh. Deacracht eile a tháinig chun solais ná maoiniú ar chóireáil thar lear, ar cuireadh moill leis cúpla uair toisc easpa soiléire i ndáil leis an mbealach a bhféadfaí rochtain a fháil ar mhaoiniú sna cúinsí sin.

Cé go ndearna an Oifig scrúdú ar chásanna indibhidiúla agus gur thángthas ar réiteach, léiríonn na gearáin go bhfuil pátrún ann ó thaobh rochtain thráthúil ar na seirbhísí riachtanacha. Cé gur glacadh céimeanna chun breathnú ar líon na saoráidí othair chónaithe tá sé rithabhachtach amharc ar na seirbhísí agus tacaí atá ar fáil do leanaí san idirlinn. Tá sé tábhachtach a chinntiú go háirithe nach gcuirtear leanaí i socrúcháin míchuí, agus go háirithe go mbreithnítear oiriúnacht na seirbhísí Timpiste & Éigeandála i gcás go bhfuil géarchéim meabhairshláinte ag leanbh.

De réir mar atá sonraithe in Vision for Change, a aontaíodh in 2006, ba chóir go mbeadh foireann ildisciplíneach ann in Ionad Náisiúnta do Neamhoird Itheacháin chun soláthar don ghrúpa seo leanaí. Cé go bhfuil plan ann seirbhís speisialtóireachta neamhoird itheacháin a bhunú mar chuid den Ospidéal Leanaí nua, ní bheidh sé sin i gcrích go dtí 2019. Mar sin tá sé tábhachtach go nglacfaí na céimeanna is gá san idirlinn chun a chinntiú go mbeadh

rochtain ag na leanaí sin ar chóireáil iomchuí agus go mbeadh soiléire ann i ndáil le conairí atreorúcháin agus maoinúcháin.

Lorg an Oifig cruinniú agus réachtáil an cruinniú sin le Stiúrthóir Náisiúnta Meabhairshláinte FSS chun cúiseanna imní a ardú a tháinig chun solais trí na gearáin.

Gearáin maidir le Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Tháinig Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) faoi scáth imscrúduithe OCO leis an Acht Ombudsman (Leasú) in 2012 a achtaíodh ag deireadh mhí Aibreáin 2013. Ón tráth sin fuair an Oifig líon suntasach gearán (61 in 2014) i ndáil le gníomhartha riaracháin SEC. Bhain na gearáin sin go príomha le cinntí a rinneadh maidir le hiarratais ó mhic léinn faoin scéim Oiriúntais Réasúnta i Scrúduithe Stáit (RACE).

Dearadh an scéim seo chun tacú le daltaí a bhfuil deacrachtaí áirithe foghlama agus /nó fisiceacha acu ionas nach rachaidh a ndeacrachtaí i bhfeidhm ar an leibhéal gnóthachtála a bhfuiltear ag súil leis bunaithe ar a n-eolas agus ar ábhar an chúrsa sna scrúduithe Stáit. I measc na dtacaí sin tá leabhar léitheoireachta don dalta, scríobhaí a chur ar fáil, rochtain ar ionad speisialta, agus tarscaoileadh ó litriú, gramadach agus poncaíocht in ábhair a bhaineann le cúrsaí teanga.

Ba í 2013/2014 an chéad timthriall scoilbhliana, le hArdteistiméireacht 2014 ag a dheireadh a raibh an deis ag an Oifig tuiscint iomlán a fháil ar an bpróiseas iarratais. Sa scrúdú sin a rinne an Oifig breithníodh roinnt de na saincheistean a d'ardaigh tuismitheoirí, daltaí agus scoileanna mar chuid dá ngearáin, chomh maith le faisnéis a lorg ó SEC agus cruinniú a lorg leo. Mar chuid dár gcruinniú leis an gCoimisiún bhíomar ag plé freisin leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

Seo a leanas roinnt samplaí de na saincheistean a cuireadh faoi bhráid na hOifige seo:

- Gan míniú i scríbhinn a bheith á chur ar fáil d'iarratasóirí i gcás gur diúltaíodh oiriúntais;
- Cé go bhfuil próiseas achomhairc ar fáil ag an gcéim seo, go praiticiúil ní bhíonn fhios ag iarratasóirí céard atá á achomharc acu sa mhéid nach dtugtar aon mhíniú ar an gcinneadh bunaidh;
- Cúis imní i measc tuismitheoirí agus cleachtóirí (lena n-áirítear síceolaithe oideachais) nach ndéanann an measúnú scoilbhunaithe tástáil iomlán ar an gcineál deacrachta foghlama atá ag a lán daoine óga, go háirithe leanaí a bhfuil deacrachtaí acu amhail Disléicse, Diospraicse agus Dioscalcúile; agus
- Cúis imní faoin tionchar ag scéim RACE ar leanaí le disléicse atá os cionn an mheáin ó thaobh éirime de ach nach sásaíonn critéir na scéime.

Ba mhaith leis an Oifig seo a nótaíl go bhféadfaí dul i ngleic go pointe áirithe leis na cúiseanna imní a d'ardaigh tuismitheoirí dá mbeadh próiseas níos oscailte agus níos soiléire cumarsáide ann ag céim níos luaithe. Molaimid go gcuirfeadh SEC réasúnaíocht shoiléir i scríbhinn ar fáil agus cinneadh á chur in iúl. Tá sé ina phrionsabal lárnach freisin den cheartas aiceanta go mbeadh fhios ag achomharcóir cén bonn atá le cinneadh roimh an achomharc ar cinneadh é a bhfuil cead aige nó aici achomharc a dhéanamh ina choinne. Chuir SEC in iúl dúinn go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun uathobriú a dhéanamh ar

sholáthar réasúnaíochta do chinntí SEC. Ní raibh sé sin ar fáil, ámh, don scoilbhliain iomlán 2014/2015.

Tacaí do leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Ó bunaíodh an Oifig, tá gearáin faighte faoi rochtain ar acmhainní do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. De ghnáth, baineann na gearáin sin leo seo a leanas:

- Rochtain ar uaireanta teagaisc acmhainne/minicíocht íseal riachtanas speisialta faoi Chiorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna;
- Leorgacht na dtacaí atá ar fáil faoin tSamhail Ghinearálta Leithdháileacháin; agus
- An próiseas atá ann chun leibhéal an riachtanais do thacaí a chinneadh agus a mheas.

I mí Bealtaine 2013 chuir an Oifig imscrúdú i gcrích maidir le soláthar tacaí teagaisc do leanaí le Siondróm Down. An tráth úd, rinne an Oifig roinnt moltaí leis an Roinn maidir lena fháil amach cé chomh himleor is a bhí an soláthar lena n-áirítear an modh soláthair do leanaí le Siondróm Down agus an gá atá le socruithe chun monatóireacht lárnach a dhéanamh ar thionchar na mbeart tacaíochta breise. Chuir an Roinn in iúl go raibh sé tar éis meitheal a bhunú chun togra a fhorbairt don tsamhail nua le haghaidh leithdháileadh acmhainní a dhíreoidh ar acmhainní breise a leithdháileadh do leanaí de réir a leibhéil riachtanais seachas de réir na catagóire míchumais

In 2014, chuir an mheitheal NCSE tuairisc ar fáil agus d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go dtabharfaí isteach samhail nua chun tacaí múinteoirí breise a leithdháileadh ar gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Athróidh an tsamhail nua an chaoi a ndéantar acmhainní a leithdháileadh ar scoileanna agus molann sé go mbeadh scoileanna uathrialaitheach i ndáil le cinneadh conas a dhéanfaí na hacmhainní a leithdháileadh. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara agus tá sé i gceist an tsamhail nua a thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2015.

Cúram agus Oideachas Luath-óige (ECCE)

In 2013, chuir an Oifig tuairisc ar fáil maidir le himscrúdú ar ghearán ó thuismitheoirí linbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige i ndáil le soláthar ECCE – infhaighteacht dara bliain agus tacaí chun cuidiú leis an leanbh imeascadh sa réamhscoil. Bhí an leanbh ag freastal ar an réamhscoil ag an uair ach ní raibh an leanbh in ann freastal go lánaimseartha toisc nach raibh na tacaí riachtanacha ar fáil.

Bhain saincheist lárnach a sainithníodh tríd an imscrúdú le neamh-chomhréireacht sa leibhéal tacaíochta atá ar fáil ar bhonn náisiúnta, go háirithe tacaíocht cúnaimh réamhscoile chun a chinntiú go bhféadfadh leanaí faoi mhíchumais imeascadh chomh hiomlán agus is féidir.

Mar tháta ar an imscrúdú, mhol an Oifig go nglacfaí céimeanna chun dul chun cinn a dhéanamh ar nithe a d'éascair ó thuarascáil a chuir meitheal trasearnála ar fáil in 2011 a bunaíodh chun creat a fhorbairt do leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile. Mar fhreagra air sin, mhol an Oifig go mbunófaí foghrúpa ar a mbeadh an Roinn Sláinte, Leanáí

agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus bunaíodh an grúpa sin i mí Bealtaine 2013, chun scrúdú a dhéanamh ar na moltaí go sonracha. Ó shin i leith, chuir an Oifig in iúl cúpla uair míshástacht an Ombudsman do Leanaí i ndáil leis an easpa dul cun cinn a rinneadh ar dhul chun cinn agus réiteach cheist imeasctha leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna príomhshrutha réamhscóile agus an mhoill shuntasach ar dhul cinn a dhéanamh ar an gceist seo.

Choinnigh an Oifig síuil ar an gceist seo le linn 2014. Cé go raibh an foghrúpa a bunaíodh chun an cheist seo a iniúchadh in ainm is a chuid oibre a bheith i gcrích faoi Fhómhar na bliain 2013, bhí moill shuntasach leis an dul chun cinn. Cuireadh in iúl dúinn i mí Aibreáin 2014 go raibh an grúpa ar tí an obair a chur i gcrích agus gcuirfidís tuairisc ar fáil go luath lena mholtaí. I mí Lúnasa 2014, cuireadh in iúl don Oifig go raibh an dréacht dheireanach beagnach ullamh agus go scaipfí é ar na baill le go bhféadfaidís a dtuairimí a chur in iúl sula gcuirfí an tuairisc faoi bhráid na foirne trasearnála. I mí Dheireadh Fómhair 2014, cuireadh in iúl go raibh an dréacht-tuairisc scaipthe chun tuairimí a fháil agus ullmhaíodh dréacht leasaithe den tuairisc.

Is cúis mhór imní don Ombudsman do Leanaí an mhoill leis an dul chun cinn ar an gceist seo agus d'ardaigh an cheist go díreach leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an Aire Sláinte. Sna tuairiscí is déanaí cuireadh in iúl agus aontaíodh go mbeadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag stiúradh na ceiste seo. Is cúis imní é i gcónaí a ardaíonn tuismitheoirí leis an Oifig sna gearáin a dhéantar agus tá sé tábhachtach go dtabharfaí soiléiriú ina leith ó thaobh cur chuige beartais de agus samhail indéanta a mholadh chomh luath agus is féidir.

Leanaí ag fágáil cúraim sa Stát

Na gearáin a rinneadh i ndáil leis seo chuimsigh siad roinnt saincheisteanna a ndearna an Oifig déileáil leo go rialta le 10 mbliana anuas, lena n-áirítear

- Oiriúnacht na socrúcháin;
- Moill ar aistriú socrúcháin (go háirithe i gcás leanaí atá in ionaid ardtacaíochta ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá);
- Teagmháil theoranta le hoibrithe sóisialta;
- Easnamh oibrithe sóisialta sannta;
- Gan aon ghuth a bheith ag leanaí sa chinnteoireacht;
- Easpa socrúcháin oideachais a aimsiú;
- Socrúcháin iolracha; agus
- Cúiseanna imní faoi rochtain do shiblíni/teaghlaigh.

Tháinig gearáin i gcónaí faoi sholáthar iarchúraim in 2014 agus rinneamar déileáil leosan ar bhonn indibhidiúil. Cibé scéal é, baineann ceann de na saincheisteanna a tháinig chun cinn le hinfhaighteacht tithíochta/cóiríochta do dhaoine óga ag fágáil cúraim. I gcás amháin, rinne fágálaí cúraim teagmháil leis an Oifig ar son a naonáin ag cur in iúl go raibh siad fós ag cónaí i socrúcháin cónaitheach do leanaí toisc go raibh sé deacair teacht ar thithíocht oiriúnach. Cé go raibh an duine óg buíoch go raibh sí in ann fanacht san aonad cónaitheach,

bhí sí den tuairim nach raibh an socrú sin oiriúnach di féin ná dá mac. Luaigh sí nach raibh aon socrúchán iarchúraim iomchuí ann d'fhágáilthe cúraim a raibh leanaí acu féin agus an t-aon bhealach praiticiúil rochtain a fháil ar thithíocht Údarás Áitiúil go gasta ná a chur in iúl go raibh tú gan dídean, ach ní raibh sí sásta é sin a dhéanamh.

Cé gur réitíodh an scéal don duine óg áirithe seo, d'ardaigh sé ceist níos leithne maidir le tithíocht d'fhágáilthe cúraim. Is cúis imní é go bhféadfaí daoine atá ag fágáil cúraim a chur sa suíomh ina mbeidh orthu ligean orthu go bhfuil siad gan dídean d'fhonn cóiríocht a fháil.

Scríobh an Oifig chuig Tusla chun eolas chun dáta a fháil i ndáil leis an obair a bhí ar siúl i gcomhar leis na bainisteoirí Cathrach agus Contae i ndáil le comhphrótacal a fhorbairt maidir le tithíocht d'fhágáilthe cúraim.

Mar fhreagra, chuir Tusla in iúl go raibh feabhas á chur aige ar a sheirbhísí iarchúraim chun a chinntiú go bhfreastalódh an tseirbhís orthusan a chomhlíon na critéir incháilitheachta, go háirithe iadsan a bhféadfaí a rá go raibh siad leochaileach agus i mbaol a bheith gan dídean. Luaigh Tusla go ndéantar an baol níos measa fós toisc go bhfuil easpa tithíochta ann, agus cé nach mbaianeann sé go sonrach leosan atá ag fágáil cúraim, bhí tionchar mór aige ar an ngrúpa áirithe daoine óga seo le déanaí. Mhol Tusla go mbunófaí meitheal agus tá an próiseas á chur i gcrích. Luaigh Tusla freisin go bhfuil siad i mbun meithleacha idirghníomhaireachta a bhunú a fhéachfaidh ar an gcur chuige idirghníomhaireachta do leanaí atá ag fágáil cúraim.

Grúpa daoine óga atá leochaileach ach go háirithe is ea na fágáilthe cúraim, agus is minic iad i mbaol a bheith gan dídean. Tá sé tábhachtach go gcuirfí chun cinn an cur chuige idirghníomhaireachta chomh gasta agus is féidir chun a chinntiú go mbeadh gach gníomhaireacht iomchuí a bhíonn i mbun seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga ag obair i gcomhar lena chéile chun tacaíocht imleor a sholáthar d'fhágáilthe cúraim. Tá sé ríthábhachtach go rachfaí i ngleic le riachtanais tithíochta na bhfágáilthe cúraim mar chuid den phróiseas seo.

Seirbhísí do leanaí le Gortú Faighte Inchinne

Rinne an Oifig imscrúdú ar ghearán a rinneadh thar ceann duine óg a fuair Gortú Faighte Inchinne (ABI) ag aois 14 tar éis timpiste gluaisteáin. Le linn an imscrúdaithe, tháinig aimhrialtacht chun solais i ndáil leis an soláthar seirbhísí. Is é go sonrach a bhí i gceist, is cosúil ón fhaisnéise a cuireadh ar fáil don Oifig seo go raibh easpa seirbhísí tiomnaithe ann do dhaoine óga idir 13 agus 17 a fhaigheann ABI. I gcás na ndaoine sin os cionn agus faoi bhun na n-aoiseanna sin is féidir leo rochtain a fháil ar na seirbhísí iomchuí níos éasca. Sa chás seo chuir an mháthair in iúl i gcás fhormhór na n-eagraíochtaí ar imigh sí i dteagmháil leo maidir le tacaí síciatracha agus síceolaíochta ní raibh sé ar a gcumas cúnamh a sholáthar di, agus luaigh siad go mbeidís in ann dá mbeadh a mac faoi bhun 12 nó cóngarach do 18 mbliana déag d'aois.

Anuas ar an mbearna sna seirbhísí don aoisghrúpa áirithe seo, luaigh an gearánach easpa eolais, comhairle agus tacaí stocaireachta do thuismitheoirí leanaí le gortuithe faighte inchinne. Ba chosúil ón eolas a fuair an Oifig, go raibh rochtain ar na seirbhísí iomchuí ag

brath ar thionscnaíocht na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus ar ghairmithe indibhidiúla leighis, seachas, iad a bheith curtha ar fáil ar bhonn níos comhleanúnaí, níos comhordaithe. Chuir FSS in iúl go raibh céimeanna áirithe á dtógáil chun dul i ngleic le saincheisteanna a tháinig chun solais, lena n-áirítear i ndáil le cur i bhfeidhm an Bheartais agus na Straitéise Náisiúnta maidir le Néar-athshlánú. Cibé scéal é, tá imní fós ar an oifig faoin éagothroime atá dealraitheach idir grúpaí éagsúla daoine óga, le gortuithe tráma mar seo, a bheith in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí iomchuí. Mar sin, scríobh an tAire Sláinte chuig an Roinn ag iarraidh ar an Roinn scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist ag féachaint le dul i ngleic leis na deacrachtaí a sonraíodh.

Tusla – Tuarascálacha Ráithiúla Náisiúnta Gníomhaíochta Feidhmíochta le haghaidh 2014

Rinne an Oifig athbhreithniú ar an obair a rinneadh i ndáil le moltaí faoi imscrúdú ar ghearán a rinne ball den Mheitheal Shóisialta sa Laoi Thuaidh. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích in 2014. San imscrúdú bhíothas tar éis roinnt cúiseanna imní tromchúiseacha a lua, lena n-áirítear cumas na Foirne Oibre Sóisialaí agus leibhéal iomchuí iarchúraim le haghaidh atreoruithe a bhain le leas leanaí agus cosaint chomh maith le tráthúlacht d'fhiosruithe toraigh agus measúnuithe tosaigh i ndáil le líomhaintí de mhí-úsáid leanaí.

Mar chuid den imscrúdú, d'ardaigh an Oifig cúiseanna imní faoin ngá le tráthúlacht faisnéise maidir le feidhmiú an chórais cosanta leanaí d'fhonn cuidiú le pleanáil le haghaidh seirbhísí. Mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin, luaigh Tusla na céimeanna a bhí glactha aige i ndáil leis seo trí na tuarascálacha Náisiúnta Gníomhaíochta Feidhmíochta, a ullmhaítear gach ráithe.

Cé go n-adhmaíonn an Oifig gur ghlac Tusla céimeanna dearfacha chun faisnéis níos nuashonraithe a sholáthar, is cúis mhór imní é go léiríonn na sonraí ráithiúla a d'eisigh Tusla in 2014 go raibh céatadán de mheasúnuithe tosaigh a bhí á gcur i gcrích laistigh den amscála de 21 lá. De réir thuarascáil Gníomhaíochta Feidhmíochta Náisiúnta Ráithe 2, ní raibh ach 21% (544 as 2580) de leanaí sa tír a raibh measúnú tosaigh de dhíth orthu, tar éis fiosrú tosaigh, a bhí tar éis ceann a fháil laistigh de 21 lá ó fháil an atreoraithe.

Tá an Oifig tar éis an cheist seo a ardú le Tusla agus cuireadh in iúl dúinn go raibh roinnt beart curtha i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an scéal. Ní miste a mheabhrú go raibh an easpa acmhainneachta seo soiléir sular cuireadh tús leis an mBille Tús Áite do Leanaí a dhéanfaidh éigeantach é mí-úsáid leanaí a thuairisciú. Tá imní ar an Oifig faoi agaí freagartha i gcásanna mar seo agus faoin acmhainneacht measúnú tráthúil a sholáthar ar riosca agus ceisteanna sábháilteachta leanaí sna suíomhanna sin. Tá sé ríthábhachtach go bhfreastalófaí ar aon leanbh a luaite atá i mbaol mí-úsáide ar an mbealach is fearr agus is féidir agus go bhfaigheann siad an tseirbhís is fearr san am is gasta de réir a riachtanas agus seo an chaoi a dhéanaimid íoslghdú ar fhad an ama a bhfuil siad leochaileach lena linn.

Ceartas agus Coinneáil Ógánach

I ndáil le cúrsaí ceartais agus coinneála ógánach, bhí aistriú suntasach ann in 2014 san fhócas sa réimse seo don Oifig. Tar éis deireadh a chur le coinneáil leanaí 16 bliana d'aois i bhForas Naomh Pádraig in 2012 agus gealltanas an Rialtais gach leanbh 17 mbliana d'aois a bhogadh chuig Baile an Oibricigh chomh gasta agus is féidir, mhéadaigh an Oifig a leibhéal rannpháirtíochta le Baile an Oibricigh. Bhí an fócas go dtí seo go príomha ar ghearáin a scrúdú a fuarthas i ndáil le daoine óga arna gcoinneáil i gcóras príosún na hÉireann agus go háirithe foras Naomh Pádraig. Cé go raibh Baile an Oibricigh i gcónaí faoi scáth na hOifige, is beag gearán a fuarthas roimhe seo i ndáil le daoine óga arna gcoinneáil ann.

Le fairsingiú suntasach ar Campas Bhaile an Oibricigh, an rún a bhí ann ná go mbeadh sé ina áit náisiúnta coinnteála do gach duine óg ar gearradh pianbhreith air nó uirthi nó daoine óga a bhí ar athchur, chuir an Oifig tús le rannpháirtíocht níos réamhghníomhaí leis an gCampas ar an talamh ag céim luath, sa mhéid go bhfuil an mórthionscadal seo á chur i bhfeidhm go céimneach. Measadh go mbeadh sé tábhachtach do gach ball foirne, daoine óga agus a dteaghlaigh, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile agus eagraíochtaí tacaíochta, a bheith in iúl ar ról maoirseachta na hOifige i ndáil le gnéithe den choinneáil agus sainchúram gearán agus imscrúduithe i ndáil leis an gcoinneáil sin.

Chuirge sin, bhí plé ag an Oifig le Bainisteoir an Champais, agus lena fhoireann le linn 2014. Tá baill den fhoireann gearán agus imscrúduithe tar éis teagmhálacha a bhunú le lucht bainistíochta Bhaile an Oibricigh agus réachtáladh cruinnithe comhroinnte leo. Chomh maith leis sin, tá foireann ón Oifig tar éis roinnt cur i láthair a dheanamh faoinár n-obair do dhá ghrúpa d'fhoireann nua-earcaithe.

Aithníonn lucht bainistíochta Bhaile an Oibricigh na sochair atá le baint as a oiliúint seo agus cheadaigh siad é a chur san áireamh san ionductú foriomlán a dhéantar ar an bhfoireann nua. Tá sé beartaithe againn roinnt cur i láthair eile a dhéanamh d'fhoireann nua agus d'fhoireann sheanbhunaithe de réir mar atáthar ag tabhairt an champais chun críche in 2015. Mar chomhartha ar ghealltanas na hOifige maidir le nithe a bhaineann le ceartas ógánach, rinne an Oifig urrú ar bhall den fhoireann tabhairt faoi Ard-diplóma sa Cheartas Ógánach in Óstaí an Rí do théarma 2014/2015.

Bíonn an Oifig ar fáil, mar a bhí i gcónaí chun bualadh le daoine óga i gcás gur tháinig cúiseanna imní chun cinn agus i mbliana, ag tógáil ar an obair a rinneadh in 2014, réachtálfaimid seisiúin eolais ag Baile an Oibricigh ionas gur féidir le gach duine bheith cothrom le dáta maidir le ról maoirseachta na hOifige maidir le coinneáil daoine óga.

Tríd is tríd in 2014 cuireadh feabhas ar an gcaoi a gcaitheann an Stát le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ar athchur nó a fhaightear ciontach i gcion. Cibé scéal é, tá sé tábhachtach go mbeadh an reachtaíocht agus na hacmhainní riachtanacha ann chomh luath agus is féidir chun a chinntiú go mbogtar na daoine óga sin go léir chuig Campas Bhaile an Oibricigh agus amach as an gcóras do dhaoine fásta. Amach anseo tá sé beartaithe ag OCO a chinntiú go bhfanfaidh cearta an ghrúpa seo de dhaoine óga ina fhócas ag an Oifig.

4

BEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT

Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh

D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh an 30 Eanáir 2014. Is í aidhm shainráite na reachtaíochta beartaithe ná struchtúr dlíthiúil a chur i bhfeidhm a bheadh mar bhonn is taca do chásanna éagsúla tuismitheoireachta agus soiléire dhlíthiúil a sholáthar ar chearta agus freagrachtaí tuismitheoireachta i gcásanna dá leithéid.

Forálann Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 go gcuirfidh an tOmbudsman do Leanaí comhairle ar fáil d'Airí Rialtais maidir le haon cheist a bhaineann le cearta agus leas leanaí - lena n-áirítear an éifeacht dhóchúil a bheadh ag cur i bhfeidhm tograí reachtaíochta – i gcás go n-iarrfadh Aire orthu déanamh amhlaidh. Lorg an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais barúlacha ón Ombudsman do Leanaí maidir leis an Scéim Ghinearálta agus ar an gcaoi a raibh sé i gceist dul i ngleic le leas leanaí. Cuireadh comhairle an Ombudsman do Leanaí ar fáil don Aire i mí Bealtaine 2014.

I gcomhairle don Rialtas roimhe seo maidir le tograí chun gnéithe de dhlí leanaí agus teaghlaigh a leasú – go háirithe maidir leis an mBille um Páirtnéireacht Shibhialta 2009 agus an Bille Uchtála 2009 – leag Oifig an Ombudsman do Leanaí béim ar an ngá a bhí ann do reachtaíocht a chuirfeadh san áireamh an réaltacht ina bhfuil leanaí ag cónaí.

D'fháiltigh Oifig an Ombudsman do Leanaí roimh na tograí arna leagan amach ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a raibh mar thúsphointe acu an gá atá ann foráil don ilchineálacht teaghlaigh inar féidir leanaí a thógail in Éirinn agus leas is fearr an linbh a chur ag croílár na reachtaíochta.

Mar sin féin, luaigh OCO go raibh roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an reachtaíocht chun freastal níos fearr ar leas leanaí agus oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh i réimse na gceart daonna.

Mhol OCO go leasófaí an Scéim Ghinearálta chun cearta céannachta leanaí agus daoine óga a chosaint, ar an mbonn gur chóir go mbeadh sé de cheart ag daoine óga a gineadh trí atáirgeadh cuidithe agus trí mháthairionadaíocht rochtain a fháil ar fhaisnéis faoina mbreith agus faoina mbunús. I ndail leis seo, thug OCO chun cuimhne go bhfuil drochttheist go dtí seo ag Éirinn ó thaobh an chirt sin a chosaint i ndáil le daoine a uchtáladh agus nár chóir an earráid sin a dhéanamh arís i ndáil le leanaí a gintear trí atáirgeadh cuidithe agus máthairionadaíocht.

Chomh maith leis sin, mhol OCO go mbeadh dlíthe na hÉireann chomh soiléir agus is féidir maidir le socruithe máthairionadaíochta a dhéanann daoine thar lear – bíodh sin ar bhonn tráchtála nó neamhtráchtála – agus an tionchar a bheadh ag na socruithe sin ar stádas dlíthiúil leanaí a saolaítear mar thoradh orthu. Níor chuir an Scéim Ghinearálta soiléire ar fáil maidir leis sin.

Cé go dtacaíonn OCO leis an gcosc dlisteanach ar mháthairionadaíocht tráchtála, mhol OCO go gcinnteodh an tOireachtas nach dtarlódh sé go bhfágfaí leanaí i suíomh leochaileach ó thaobh an dlí de i gcás go ngearrfaí smachtbhannaí ar thuismitheoirí a bhriseann an dlí.

D'fhoráil an Scéim Ghinearálta do raon beart a thacaíonn le cearta leanaí aithne a chur ar a dtuismitheoirí agus go ndéanfadh a dtuismitheoirí cúram díobh. Tá OCO den tuairim, ámh, gur chóir don reachtaíocht dul níos faide ná sin i réimsí ar leith, go háirithe maidir leis an gceart a bheadh ag leanbh aithne a bheith aige/aici ar an athair agus go ndéanfadh an t-athair cúram den leanbh sin.

D'fháiltigh Oifig an Ombudsman do Leanaí freisin roimh fhorálacha na Scéime Ginearálta a bhain le moltaí a rinne an Oifig roinnt blianta ó shin i ndail le páirtneireacht shibhialta agus uchtáil, sa mhéid go gcuirfidís ina gceart an t-easnamh atá ann ón reachtaíocht ábhartha i ndáil le leanaí.

Tionscadal maidir le Rialtas a Thacaíonn leis an Leanbh

Le linn 2014, bheartaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí tabhairt faoin thionscadal maidir le rialtas a thacaíonn leis an leanbh agus réachtáladh an tionscadal le tacaíocht ó Institiúid Idirnáisiúnta Ombudsman.

Is é aidhm an tionscadail seo tuiscint a fháil ar eispéireas leanaí agus teaghlach ó thaobh rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí, agus na deacrachtaí a bhíonn acu agus conas mar a shamhlófaí rialtas atá tacúil don leanbh sa riarachán poiblí agus sa chinnteoireacht. Go háirithe, bhí an tionscadal ag breathnú ar phróisis chinnteoireachta – an bhfuil siad ann agus conas a thugtar fúthu agus conas a d'fhéadfaí próisis chinnteoireachta a chomhshnaidhmeadh le Coinbhinsiún NA um Cheart an Linbh agus le caighdeán eile um chearta leanaí. Tá sé ag breathnú freisin ar théamaí i ndail le comhlachtaí poiblí, a bhí ag leagan béime ar ghearáin gus obair imscrúdaithe OCO agus áirítear ann:

- Tráthúlacht na bpróiseas cinnteoireachta do leanaí;
- Comhtháiteacht na seirbhísí;
- Cumarsáid le leanaí agus teaghlaigh; agus
- Infhaighteacht sásaimh áitiúil agus láimhseáil gearán agus achomharc.

An rud a spreag an tionscadal seo ná an t-easnamh a bhí ann sna cuir chuigí a thacaíonn leis an leanbh – easnamh a tháinig chun solais agus Oifig an Ombudsman do Leanaí i mbun scrúduithe agus imscrúduithe ar ghníomhartha na gcomhlachtaí poiblí, ó bunaíodh an Oifig in 2004.

Cuireadh tús leis na chéad chéimeanna den taighde go déanach in 2014, lena n-áirítear athbhreithniú deisce ar an litríocht chuí agus comhairliúchán le leanaí agus a dteaghlaigh maidir leis na constaicí atá ann a mbíonn ar leanaí agus teaghlaigh a shárú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí. Tá an tionscadal seo ar siúl ar bhonn leanúnach.

Treoirínte an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe maidir le hiarratasóirí do Stádas Teifigh ar Leanaí iad

I mí Bealtaine 2014, d'iarr an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe (RAT) ar an Ombudsman do Leanaí comhairle a sholáthar maidir le dréachtfhoilseachán dá chuid *Draft Guidelines in relation to Child Applicants for Refugee Status*.

Ar na feidhmeanna reachtúla ag OCO faoi alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 tá comhlachtaí poiblí a spreagadh chun beartais, cleachtais agus gnáthaimh a fhorbairt a bhfuil mar aidhm leo cearta agus leas leanaí a chothú. I gcomhthéacs na feidhme sin, d'fháiltigh OCO roimh an deis a tuairimí a chur in iúl maidir leis na Dréacht-Treoirínte sin i ndáil le hiarratasóirí do stádas teifigh ar leanaí iad.

Chuir OCO tuairimí ar fáil maidir le raon saincheisteanna a d'eascair ó na Dréacht-Treoirínte, lena n-áirítear: na prionsabail uileghabhálacha ar chóir iad a bheith ina mbonn is taca leis na treoirínte; tosaíochtaí a roghnú sna cásanna a bhaineann le leanaí; oiliúint d'fhoireann RAT; faisnéis imleor iomchuí a sholáthar do dhaoine óga; agus an cur chuige maidir le ceistiú arna ghlacadh ag RAT.

Coise um Chosc ar Chéasadh

Mar chuid de mhisean a tíre chuig Éire i mí Mheán Fómhair 2014, bhuail baill den Choiste Eorpach um Chosc ar Chéasadh nó Táiríde nó Pionós (CPT) le hOifig an Ombudsman do Leanaí.

Leag OCO béim ar na cúiseanna imní leanúnacha atá ann maidir le staid na leanaí faoi choinneáil, lena n-áirítear: Foras Naomh Pádraig a bheith á úsáid fós do bhuaicailí 17 mbliana d'aois atá á gcoinneáil ar athchur; deacrachtaí a bhí ann tráth ar cuireadh seirbhísí teiripeacha ar fáil do dhaoine óga a bhí dá gcoinneáil ar champas Bhaile an Oibrigh; agus saincheisteanna ag eascairt ó leanaí i gcúram speisialta.

Feidhmiú Acht an Ombudsman do Leanaí 2002

Soláthar Díreach

Ceann de na saincheisteanna a d'ardaigh OCO arís is arís eile ná fur fágadh ar lár óna sainchúram imscrúdaithe réimse an tearmainn agus inimirce. Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil dheireanach na hOifige seo, forálann alt 11 (1)(e)(i) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 nach ndéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú ar ghníomh arna dhéanamh i riar an dlí a bhaineann le tearmann, inimirce, eadóirseacht nó saoránacht. Mar thoradh air sin, titeann roinnt gníomhartha de chuid na Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais lasmuigh de shainchúram imscrúdaithe na hOifige seo. Féadfaidh na

gníomhartha nó an neamhghníomhartha beachta sin a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an Ombudsman do Leanaí a bheith ag brath ar na cúinsí.

Níl comhthuisct aontaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus OCO maidir le raon an eisiaimh sin. Tá OCO den tuairim gur chóir go mbeadh rochtain ag daoine óga – lena n-áirítear na daoine óga sa Soláthar Díreach – ar an Ombudsman do Leanaí ar an gcaoi chéanna is atá ag gach leanbh eile in Éirinn, agus nár chóir aon rud a fhágáil as an áireamh ach amháin na gnáthaimh chun sainiú agus cinntiú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil duine i dteideal stádas áirithe nó nach bhfuil, agus ní soláthar na seirbhísí féin. Tá sé seo ag teacht le seasamh an Aire Leanaí ag an uair a raibh an Bille um Ombudsman do Leanaí á dhíospóireacht san Oireachtas in 2002. Tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais den tuairim, gurb a mhalairt is cóir, nár chóir do OCO údarás a bheith aici scrúdú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi leanaí i Soláthar Díreach nó thar ceann na leanaí sin.

Is ar an gcúis sin gur mhol an tOmbudsman do Leanaí cúpla uair don Oireachtas Acht 2002 a leasú agus an cheist a réiteach agus a chinntiú nach bhfuil aon bhac ar leanaí agus teaghlach sa Sholáthar Díreach teacht ar chomhlacht neamhspleách láimhseála gearán.



5

OIDEACHAS AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Tugann Alt 7 d'Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002 sraith uathúil cumhachtaí don Ombudsman do Leanaí a thacaíonn le hobair na hOifige imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus cuireann sé dualgas dearfach ar an Oifig monatóireacht a dhéanamh ar chearta agus leas suas go 18 mbliana d'aois. Tá sé mar aidhm le clár oideachais agus rannpháirtíochta na hOifige éifeacht a thabhairt do roinnt feidhmeanna reachtúla faoi Alt 7 d'Acht 2002 .

I measc na bhfeidhmeanna sin tá siad seo a leanas:

- Beartais, gnáthaimh agus cleachtais a spreagadh a chuireann chun cinn cearta agus leas leanaí;
- Feasacht a spreagadh i measc an phobail (leanaí san áireamh) faoi chúrsaí a bhaineann le cearta agus leas leanaí (lena n-áirítear Coinbhinsiún NA um Chearta agus Linbh) agus an chaoi ar féidir na cearta sin a fhorfheidhmiú; agus
- Struchtúir a bunú chun comhairliúchán a bheith ann le leanaí chun béim a leagan ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí ar saincheisteanna iad is cúis do an leanaí iad féin.

Ceardlanna Oideachais faoi Cearta

Le linn 2014, reáchtáladh ceardlanna oideachais maidir le cearta leanaí ar bhonn seachtainiúil do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thug cuairt ar na Oifig. Tá na ceardlanna seo ina gcoirchuid de chlár oideachais OCO maidir le cearta agus is deis luachmhar iad don Oifig plé go díreach le leanaí agus daoine óga de gach aois, ar bhonn leanúnach, atá ina gcónaí in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus i gcúinsí ilchineálacha.

Dearadh na ceardlanna chun tacú leis an bplé idir OCO agus na leanaí. Cé go n-athraíonn cineál agus béim an phlé sin, bíonn sé dírithe i gcónaí ar dhá aidhm: feasacht agus tuiscint na leanaí a fhorbairt maidir le cearta leanaí agus tuairimí na leanaí féin a chlosteáil ar chúraí a bhaineann le cearta leanaí ar spéis leo féin iad.

In 2014, tháinig breis is 1,100 leanbh agus duine óg ar cuairt chuig OCO ó scoileanna agus seirbhísí óige ó 16 chontae chun a fháil amach faoi chúrsaí ceart leanaí i gcmohthéacs a saoil laethúil féin agus chun breithniú a dhéanamh ar na freagrachtaí atá ar dhaoine éagsúla as cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh.

Tuairimí Leanaí agus Daoine Óga ar Chúrsaí Oideachais

Bhí an 20 Samhain 2014 ar an gcomóradh 25 bliana den dáta ar ghlac Comhthionól Ginearálta le Coinbhinsiún NA um Chearta an Linbh (UNCRC). Tá Airteagal 29 den Choinbhinsiún seo dírithe ar shainiú a dhéanamh ar chroí-aidhmeanna d'oideachas leanaí. I measc na n-aidhmeanna sin tá *"fhorbairt phearsantacht, thallanna agus chumais mheabhreacha agus fhisiceacha leanaí a mhéid is féidir"* agus *"meas a fhorbairt ar chearta daonna agus ar shaoirsí bunúsacha"*.

In 2014, cuireadh an deis ar fáil i gceardlanna arna réachtáil ag OCO do ghrúpaí leanaí agus daoine óga éascú a dhéanamh ar fhóram ina bhféadfadh leanaí a dtuairimí a chur in iúl ar na nithe a bhraht siad ag aidhm don oideachais do leanaí ag cónaí in Éirinn. Ghlac breis is 700 leanbh agus duine óg ó 30 bunscoil agus iar-bhunscoil ar fud na tíre páirt sna ceardlanna sin agus chuir siad a dtuairimí in iúl, agus thapaigh roinnt mhaith díobh an deis ní hé amháin labhairt faoin oideachas, ach tuairimí a nochtadh ar ghnéithe éagsúla den oideachas, mar shampla nithe a bhaineann le timpeallacht iomlán na scoile, an curaclam agus measúnú.

D'eascair roinnt téamaí ó dhearccháí na leanaí agus na ndaoine óga. Bunaithe ar a n-eispéiris féin mhol siad go dtabharfaí tús áite san oideachas foirmiúil do raon réimsí ar leith, eadhon:

- Forbairt scileanna saoil (litearthacht airgeadais, scileanna don mhaireachtáil neamhspleách, ullmú don saol oibre);
- Sláinte agus folláine (cothú, oideachas fisiceach, oideachas meabhreach ;
- Forbairt phearsanta agus shóisialta (féinmheas agus féinmhuinín, a bheith dearfach, caidrimh mhaithe le daoine eile);
- Scileanna cumarsáide a fhorbairt;
- Forbairt scileanna TFC agus litearthacht dhigiteach; agus
- Cruithaitheacht a chothú, lena n-áirítear tríd an oideachas san ealaíon.

Chomh maith leis in, labhair roinnt leanaí faoin tábhacht a bhaineann le cur chuige cuimsitheach, cothromasach a ghlacadh agus iad ag aithint go bhfuil spéiseanna agus tallanna éagsúla ag leanaí éagsúla, lena n-áirítear roghanna éagsúla a thabhairt do leanaí óna bhfoghlaiméoidh siad. Maidir leis seo, tháinig inscne i roghnú ábhair chun cinn mar ábhar plé – mar shampla, bhí grúpa buachaillí ó rang a sé i mbunscoile den tuairim, ó thaobh scileanna don mhaireachtáil neamhspleách a fhorbairt, go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna do bhuaicillí eacnamaíocht bhaile a dhéanamh is atá do chailíní.

Moladh freisin an luach a bhaineann le modheolaíochtaí éagsúla a úsáid sa teagasc agus foghlaim – seo moladh a tháinig go háirithe ó dhaoine óga san oideachas iar-bhunscoile. Agus na ceisteanna seo á n-ardú acu, labhair na daoine óga faoin ngá atá ann stíleanna éagsúla foghlama daoine a aithint agus tacú leis na stíleanna éagsúla sin chomh maith leis an bhfiúntas a bhaineann le modhanna measúnachta a úsáid, a dhíspreagann foghlaim de ghlanmheabhair, agus cuidiú le daoine a bhfoghlaim a léiriú chuig barr a gcumais féin.

Tá sampla de na tuairimí agus na smaointe a roinnt leanaí agus daoine óga le feiceáil thíos.

“Fionnachtain...Ba chóir duit tuilleadh a fhoghlaim fút féin tríd an oideachas... Mar shampla cad iad na buanna agus scileanna atá agat, seachas rudaí a bheith éigeantach i gcónaí...Is mór an brú a bhaineann leis sin... Ní minic a fhaigheann tú rudaí amach fút féin tríd an oideachas.”

Duine óg as Co. Lú

“Measaim gur chóir dúinn a bheith níos dírithe ar IT. Is dóigh liom gur chóir dúinn foghlaim conas bogearraí ríomhaireachtaí a chruthú agus conas ríomhchlárú a dhéanamh.”

Duine óg as Co. Mhaigh Eo

“Ranganna cosúil le heacnamaíocht baile ba chóir go mbeadh ort iad a dhéanamh. Scileanna saoil atá ann.”

Duine óg as Dún na nGall

“Ceapaim gur chóir do dhaoine ar scoil a bheith níos leathan-aigeanta. Ba chóir go mbeidís níos mó in iúl ar chultúir dhaoine eile.”

Duine óg as Co. na hIarmhí

“An rud is tábhachtaí a fháil onár n-oideachas, dar liom, ná meabhairshláinte mhaith.”

Duine óg as Baile Átha Cliath

“Measaimse gur chóir don chorroideachas a bheith bainteach le conas a oibríonn na codanna éagsúla den chorp agus cén bia is gá chun fanacht sláintiúil agus folláin.”

Duine óg as Co. Luimnigh

“Athraigh an chaoi ina bhfuil tú ag foghlaim. An chuid is mó den am bítear ag foghlaim rudaí de ghlanmheabhair. Ní gá duit fhios a bheith agat conas a oibríonn sé. Níl i gceist ach foirmlí nó téacs a fhoghlaim.”

Duine óg as Co. Átha Cliath

“Is cóir níos mó tábhachta a bheith ag baint le ceol ar scoil. Measaim go mbeadh na daltaí níos féinmhuiníní dá mbeadh orthu níos mó ceoil agus drámaíochta a dhéanamh ar scoil. Ansin bheidís níos fearr ar an stáitse agus ní bheidís chomh neirbhíseach.”

Duine óg as Co. Mhaigh Eo

“Ba chóir go múinfeadh an t-oideachas níos mó dúinn faoin bhfíorshaol, mar shampla cúram a dhéanamh de ghaolta má tá siad tinn.”

Duine óg as Co. Chill Chainnigh

“Tá daoine áirithe ann a bhfuil sé níos éasca orthu iad féin a chur in iúl trí cheol agus ealaín ná trí mhata agus Béarla.”

Duine óg as Loch Garman

“Gné eile ar chóir do scoileanna a bheith ag obair air ná iompar na ndaltaí sa rang agus mórtimpeall na scoile, mar gur fadhb an-mhór í an bhulaíocht sa lá atá inniu ann. Mar sin, a mhúineadh do leanaí conas caitheamh le daoine eile – mar ba mhaith leo go gcaithfeadh daoine leosan.”

Duine óg as Co. Liatroma

“Ba chóir don oideachas cuidiú le daoine óga foghlaim conas déileáil le haon rud a tharlódh dóibh agus iad fásta.”

Duine óg as Co Longfoirt

“Is dóigh liomsa gur chóir níos mó corpoideachais a dhéanamh ar scoil agus go bhfaighfeá pointí san Ardteist má tá tú aclaí.”

Duine óg as Co. Loch Garman

“Tá cuimhní cinn an-tábhachtach ... An chuimhne chinn is fearr liomsa ná bheith ag imirt peile sa rang mar go bhfuil cairde agam a imríonn liom.”

Duine óg as Co. Átha Cliath

Is maith liom an teicneolaíocht...agus ba mhaith liom dá mbeadh sin ina ábhar scoile.”

Leanbh as Co. Loch Garman

“Is éard atá i gceist le hoideachas ná bheith sóisialta, bheith féinmhuinéach, bualadh le daoine nua, foghlaim conas réiteach le daoine eile.”

Duine óg as Co. Átha Cliath

“Gan an t-oideachas ní bheadh daoine in ann a gcuid smaointe a chur in iúl do dhaoine eile agus is féidir leis sin coinbhleacht a chruthú idir daoine. Mar sin, measaim go gcuidíonn an t-oideachas le daoine gan a bheith chomh foréigneach.”

Duine óg as Co. na Gaillimhe

“Déanaimidne corpoideachas agus don chorpoideachas bíonn ort muinín a bheith agat as daoine eile. Murar féidir leat muinín a bheith agat as daoine eile ní fheabhsóidh tú ag rudaí.”

Daoine óga as Co. Loch Garman

“Níos mó oibre i ngrúpaí ...chun féinmhuinín a chothú labhairt le daoine eile nó labhairt amach.”

Duine óg as Dún na nGall

“Foghlaimíonn gach duine ar bhealach éagsúil. Mar sin, b’fhéidir gur chóir measúnú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr a fhoghlaimíonn duine. Foghlaimíonn roinnt daoine trí bheith ag scríobh agus daoine eile trí bheith ag déanamh rudaí.”

Duine óg as Co. Mhaigh Eo

“Ba chóir go bhfágfadh gach leanbh an scoil le féinmhuinín. Ba chóir go ndíreodh an t-oideachas ar fhorbairt phearsanta agus ní ar chúrsaí acadúla amháin.”

Duine óg as Co. Mhuineacháin

“Measaimse gur chóir níos lú ábhar ionas go bhféadfá díriú ar an ábhar a bheidh ar siúl agat nuair a fhágfaidh tú an scoil.”

Duine óg as Co. Átha Cliath

“Ní bhaineann an t-oideachas le scríobh agus léamh amháin. Baineann sé le bheith ag foghlaim agus bheith mar chuid d’fhoireann.”

Leanbh as Co. na Gaillimhe

“Gnóthaíonn tú a lán scileanna cumarsáide tríd an spórt agus trí chluichí foirne. Agus is gá a lán scileanna cumarsáide chun go n-éireodh leat sa saol.”

Duine óg as Co. Loch Garman

“Measaimid gur chóir do gach leanbh san oideachas scileanna a fháil...mar shampla conas iasacht bainc a fháil, conas billí a íoc... agus cócaireacht...conas oideas a leanúint.”

Leanbh as Co. Loch Garman

“Dar liomsa, ba chóir do gach leanbh a bheith mórálach agus iad ag fágáil na scoile – mórálach as a bhfuil bainte amach acu.”

Duine óg as Co. Longfoirt

“Measaim gur chóir do dhaoine óga a fháil amach ar scoil céard atá ag tarlú mórthimpeall an domhain. Ba chóir go mbeadh níos mó béime ar chúrsaí reatha.”

Duine óg as Co. na Gaillimhe

Is é do Cheart É

Agus muid in iúl ar na teorainneacha a bhaineann leis na líon leanaí ar féidir leo cuairt a thabhairt ar na Oifig agus an líon leanaí ar féidir leis na Oifig déileáil leo trína cheardlanna oideachais maidir le cearta, chuir OCO leis na glár trí ábhair acmhainne oideachais a fhorbairt, a bhfuil mar aidhm leo plé do díreach le saincheisteanna ceart leanaí a chónaíonn in Éirinn i comhthéacs an teagaisc agus na foghlama tríd an gcuraclam agus an fhoghlaim a tharlaíonn freisin tríd an earnáil neamhfhoirmiúil oideachais. Forbraíodh na hacmhainní I mBéarla agus i nGaeilge araon agus tá gníomhaíochtaí san áireamh d'aoisghrúpaí éagsúla, chomh maith le hábhair acmhainne dála *What do you say?* (2010) agus *Small Places* (2012) agus scaipeadh an t-ábhar sin ar scoileanna na tíre agus cuireadh iad ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin OCO.

I gcomhthéacs a chomóradh 10 mbliana in 2014, chuir an Oifig tús le tionscadal nua chun feasacht a spreagadh maidir le cearta leanaí agus daoine óga in Éirinn. Cuimsíonn sé seo suíomh tiomnaithe agus aip saor in aisce don iPad, *It's Your Right* – a ghlacann cur chuige trasnheáin chun feasacht a spreagadh i measc leanaí faoi chearta leanaí agus é sin i raon formáidí agus ar ardáin idirnasctha, lena n-áirítear, Vimeo agus Audioboom. Trí chroí-ábhar a sholáthar i mBéarla agus i nGaeilge is féidir gnéithe den chur chuige piarfhoghlama a chomhshnaidhmeadh ann do leanaí agus daoine óga, díríonn an chéad chéim de *It's Your Right* ar fheasacht a spreagadh i measc leanaí faoi chearta leanaí faoi Choinbhinsiún NA um Chearta an Linbh agus leagtar béim ar dhearcthaí na leanaí agus na ndaoine óga iad féin atá ag cónaí in áiteanna éagsúla ar fud na tíre maidir lena gciallaíonn na cearta éagsúla arna sonrú faoin gCoinbhinsiún dóibh siúd.

Féadtar amharc ar an aip *It's Your Right* ag www.itsyourright.ie. Is féidir an aip eile a ghabhann leis don iPad app, aip a bhuaigh an duais airgid ag Appy Awards 2014, a íoslódáil saor in aisce ó iTunes app store.

Ba mhaith leis an Oifig buíochas a ghabháil leis na scoileanna, na seirbhísí óige agus eagraíochtaí eile, a chuidigh le forbairt an ábhair físe agus fuaime don suíomh le leanaí agus daoine óga. Tá an Oifig an-bhuíoch freisin de na leanaí agus daoine óga go léir a ghlac páirt sa tionscadal *It's Your Right* go dtí seo.

Tá sé beartaithe ag OCO an chéad chéime eile den tionscadal a chur i bhfeidhm le linn 2015, a dhíreoidh ar ardán *It's Your Right* a fhorbairt mar mhol ar líne do leanaí agus faisnéis a thacaíonn le leanaí tuiscint a fháil ar chearta leanaí in Éirinn a chur ar fáil ann.

Seimineáir do Mhic Léinn Iarchéime

Ag teacht lena dhualgais reachtúla faoi Alt 7 d'Acht 2002, rinne an Oifig sraith seimineár faoi chearta oideachais a reáchtáil do mhic léinn iarchéime in 2012 agus 2013. I bhfianaise spéis na rannpháirtithe sna seimineáir seo agus i bhfianaise go ndearna siad measúnú dearfach orthu, bheartaigh an Oifig an clár a reáchtáil in 2014.

Le hairead ar shaincheisteanna a raibh an deis ag an Oifig plé leo trína fheidhmeanna reachtúla éagsúla, bhí na seimineáir a reáchtáladh le linn 2014 dírithe ar mhic léinn atá i mbun cáilíochtaí iarchéime san obair shóisialta, sa chúram sóisialta, san oideachas agus sa chosaint agus leas leanaí. Ghlac beagnach 200 mac léinn ó shé cinn d'institiúidí tríú leibhéal páirt iontu (OÉ Gaillimh, Coláiste Ollscoile Corcaigh, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, IT Átha Luain agus Coláiste Phádraig).

Chuir foireann OCO na seimineáir i láthair i mí na Samhna agus mí na Nollag 2014, agus dhírigh siad ar fheasach a spreagadh maidir le mandáid reachtúil, feidhmeanna agus réimsí gaolmhara oibre na hOifige; tuiscint na rannpháirtithe ar bhunphrionsabail ceart leanaí a thuiscint agus a gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs a gcleachtas gairmiúil féin; agus cleachtas agus cinnteoireacht leanbhlanáithe a chothú, lena n-áirítear trí scrúdú éascaithe a dhéanamh ar chás-staidéir ag eascairt ó obair imscrúdaithe na hOifige.

Mar ab amhlaidh i gclár 2012 agus 2013, léirigh rannpháirtithe sástacht leis na seimineáir agus tá sé i gceist ag na Oifig clár comhchosúil a reáchtáil le linn 2015.



Ombudsman for Children
Millennium House
52-56 Great Strand Street
Dublin 1.

Phone 01 865 6800
Complaint line 1800 20 20 40
Email oco@oco.ie
Web www.oco.ie

Ombudsman do Leanaí
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1.

Guthán 01 865 6800
Líne ghearáin 1800 20 20 40
R-phost oco@oco.ie
Gréasán www.oco.ie

